# Aguisíní


St Clare's Primary School

# Aguisín A

## Scileanna sa Churaclam Bíseach: Roinnt Samplaí

Léiríonn na samplaí thíos mar is féidir torthaí foghlama leathana an churaclaim (i.e. na scileanna) a chur in iúl mar thorthaí oideachais áirithe ag gach aon leibhéal. Bítear ag filleadh ar na torthaí céanna sin ag leibhéil níos airde ach ag leibhéal éagsúil castachta agus saibhris.

Aguisíní

### Samplaí ón snáithe: 'An Creideamh Críostaí'

**Ba chóir go mbeadh ar chumas an pháiste na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:**

- **creidimh, comharthaí, íomhánna Críostaí agus daoine a scrúdú tríd an bpróiseas cruthaitheach, spraoi, scéalaíocht, na hamharc-ealaíona, filíocht, véarsaíocht, damhsa, drámaíocht, ceol, teanga agus teicneolaíochtaí an eolais agus na cumrsáide a úsáid.**

**Leibhéal na Réamhscoile/Leibhéal 1**

- Inis scéal na Nollag arís agus úsáid prapaí nó puipéid.
- Léigh leabhair mhóra ina bhfuil téamaí reiligiúnacha le chéile.
- Inis scéalta cráifeacha arís san ord ceart agus bain leas as patrúin teanga na scéalta.
- Tarraing pictiúr de scéal na Nollag agus péinteáil é.
- Déan dráma de scéal na Nollag.
- Aithris véarsa faoi mhaitheas Dé.
- Inis scéal faoi naomh.
- Tagair d'Íosa mar Aoire Maith trí mhachnamh samhlaíoch nó trí phictiúr a tharraingt.
- Cuir imeachtaí i scéal cráifeach in ord nuair a n-ordaítear sin duit i gcluiche ríomhaire.
- Déan rólimirt ar ghníomhartha grá/grámhara is féidir a dhéanamh.
- Éist le hamhrán faoi ghrá Dé agus úsáid gothaí agus gluaiseachtaí grá a spreagann an ceol.
- Tóg an teampall in Iarúsailéim le bloic nó le hábhair thógála eile nuair a chloiseann sibh faoi Íosa a bheith imithe amú ann.
- Déan rólimirt ar Bhaistí sa chúinne 'baiste' sa seomra ranga.

**Ag Leibhéal 2**

- Réamh-mheas agus fiosraigh faoi ghníomhartha na gcarachtar sna scéalta beannaithe.
- Leas a bhaint as meáin éagsúla chun creidimh Chríostaí a iniúchadh (m.sh. tóraíocht ar an idirlíon faoin saol le linn am Íosa).
- Gnéithe ról-imeartha de cheiliúrthaí na hEaglaise le haltór ranga.
- Dán faoi Íosa a aithris.
- Inis scéal an tsuipéir dhéanaigh arís ach úsáid puipéid.

**Ag Leibhéal 3**

- Tóg múnlaí de thithe cónaithe agus de shráidbhailte le linn am Íosa.
- Cruthaigh 'eolaire faoi dhaoine éagsúla' do shealbhóirí róil laistigh de phobal na heaglaise.
- Scrúdaigh siombailí: m.sh. den Spiorad Naomh: an ghaoth, tine, colm; Dia mar Mháthair, uisce mar shiombal beannaithe.
- Glac páirt i ngníomhaíocht éigin de phróiseas drámaíocht ina scrúdaítear imeachtaí na Seachtaine Móire.
- Inis arís scéal na Cásca i bhfoirm leabhair mhóir.
- Aithin íomhánna ealaíonta de chreidimh agus de choincheapa reiligiúnacha – m.sh. ealaín reiligiúnach comhaimseartha.

# Aguisín A

### Ag Leibhéal 4
- Bí gníomhach sa phróiseas cruthaitheachta trí phéinteáil, dealbhóireacht agus ábhair thógála mar Lego chun cur ar chumas na colainne, mar fhoinse eolais, gníomh na cruthaitheachta a mhothú agus a ainmniú.
- Bain leas as amhráin agus dánta a léiríonn an smaoineamh de Dhia mar rúndiamhair.
- Scrúdaigh íomhánna ealaíontóirí agus ceoltóirí ar chreidimh thábhachtacha Críostaí.
- Féach go grinn ar dhíospóireacht ar líne faoi shaincheisteanna reiligiúin.
- Déan díospóireacht ar chreidimh Chríostaí dhúshlánacha (m.sh. gan foréigean, rogha níos fearr do na bochtáin, maoirseacht den domhan, an tábhacht atá le maithiúnas).
- Scrúdaigh mar is féidir le daoine inniu glao Dé a chloisint agus freagairt dó.
- Forbair dráma thart ar imeacht sonrach, grianghraf/scéal i bhfoirm grianghraif, déan scannánú air, roghnaigh ceol chun dul in oiriúint don ócáid agus do na himeachtaí.

**Ba chóir go mbeadh ar chumas an pháiste na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:**
- **freagairt do nochtadh, do láithreacht agus do ghníomhaíocht Dé sa Scrioptúr Naofa/Traidisiún, ina shaol/saol féin agus sa domhan ar fad atá cruthaithe trí theanga agus na healaíona taispeána.**

### Leibhéal na Réamhscoile/Leibhéal 1
- Téigh ar shiúlóid sa dúlra chun créatúir agus plandaí a aithint sa domhan nádúrtha.
- Déan machnamh ar eispéiris a léiríonn Grá Dé.
- Déan machnamh ar an gcomharsanacht máguaird agus mar a bhfuil áit acu ann, chun coincheap an phobail a fhorbairt.
- Aithin mar a chuidíonn grá agus cúram do dhaoine thart timpeall orainn linn eolas a chur ar ghrá Dé.
- Déan machnamh ar a bheith mar bhall de theaghlach/phobal grámhar.
- Ainmnigh agus déan ceiliúradh ar an dea-chroí sa duine féin agus i ndaoine eile.
- Scrúdaigh a gcuid céadfaí mar bhronntanais ó Dhia.
- Aithin caidrimh grá (m.sh. tuismitheoir, páiste) agus grá a fhaightear agus a thugtar (m.sh. ag roinnt).
- Freagair don chruthaitheacht trí urnaí, ealaín, ceol, drámaíocht srl.

### Ag Leibhéal 2
- Scrúdaigh maitheas Dé mar a léirítear sin sa duine féin, i gcaidrimh agus sa chruthaitheacht.
- Déan machnamh ar eispéiris de ghealltanas agus de mhuinín.
- Scrúdaigh domhan nádúrtha Dé agus tabhair faoi deara iontas agus draíocht bhronntanas Dé.
- Déan machnamh ar eispéiris de bheith ag fanacht agus ag faire thart ar an Aidbhint.
- Déan machnamh ar chairde mar thíolacadh.
- Tarraing pictiúir d'am éigin ar mhothaigh siad go raibh Dia gar dóibh ina saol.

### Ag Leibhéal 3
- Déan machnamh ar na buanna a fhaighimid ó lasmuigh dúinn féin agus gur comharthaí iad de ghrá Dé.
- Déan machnamh ar ghrá Dé maidir leo féin, a gcéadfaí agus a mbuanna.
- Aithin Dia, An tAthair, An Mac agus an Spiorad Naomh sa chaidreamh lena dteaghlach agus lena gcairde.

# Aguisín A

## Ag Leibhéal 4

- Déan machnamh ar an áit atá ag an Spiorad Naomh ina saol féin agus mar a cheadaíonn an Spiorad Naomh dóibh freagairt do riachtanais dhaoine eile.
- Déan machnamh mar is féidir le Dia a bheith i láthair nuair a mbíonn daoine ag fulaingt.
- Aithin bealaí conas is féidir linn an Spiorad Naomh a aireachtáil inár láthair.

**Ba chóir go mbeadh ar chumas an pháiste na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:**

- **Creidimh Críostaí a aithint agus a mhíniú.**

## Ag Leibhéal 2

- Mínigh go múineann Íosa dúinn faoi Dhia ár nAthar.
- Ainmnigh tréithe Mhuire agus na naomh agus aithin bealaí ar fhreagair Muire agus na naoimh le Dia.
- Ainmnigh iad sin ar shlánaigh Íosa iad.
- Meabhraigh mionsonraí faoi Íosa agus faoina shaol (m.sh. ainmneacha na ndeisceabal).
- Aithin tréithe Íosa atá aitheanta sna scéalta.
- Déan cur síos ar shaintréithe de shaol Íosa mar pháiste (creidimh, cleachtais, cluichí, éadach, baile srl.).
- Inis arís scéal faoi bheatha naoimh.
- Aithin íomhánna siombalacha de chreidimh agus de choincheapa reiligiúnacha (m.sh. an chros chéasta, ungadh le hola, comhartha na síochána).
- Mínigh *cén fáth* a bhfuil grá ag Críostaithe do Dhia/a labhraíonn siad faoi Dhia/a mholann siad Dia.
- Mínigh *cén fáth* a roghnaíonn daoine Íosa a leanúint.

## Ag Leibhéal 3

- Ainmnigh Dia mar Athair, Mac agus Spiorad Naomh (An Tríonóid);
- Scrúdaigh teagasc na hEaglaise faoi Dhia mar mháthair agus athair grámhar.
- Aithin an gá atá le gach duine a mbuanna a fhorbairt agus a úsáid.
- Aithin tréithe phobal na hEaglaise.
- Féach ar chláir fhaisnéise faoi chreidimh Críostaí agus aisghabh eolas astu.
- Meabhraigh gur Giúdach a bhí in Íosa agus gur fhás sé suas sa traidisiún Giúdach.
- Aithin nóiméid thábhachtacha i saol Mhuire.
- Ainmnigh bealaí ina leanann an Eaglais le misean Íosa Réimeas Dé a chinntiú.
- Scrúdaigh an bhaint atá ag na deich n-aitheanta leis an dá aitheanta a bhí ag Íosa.

## Ag Leibhéal 4

- Aithin go n-oibríonn an Spiorad i ngach pobal Críostaí (éacúiméineachas).
- Bailigh íomhánna, focail agus smaointe chun colláis a chruthú ina léirítear maitheas chruthúnas Dé.
- Scrúdaigh cad a chiallaíonn sé a bheith i do shagart/bhean rialta/bráthair sa ghnáthshaol laethúil.
- Scrúdaigh cuspóirí Críostaí sa saol agus na cúiseanna a bhfuil muinín ag Críostaithe i nDia agus go bhfuil dóchas acu don todhchaí.
- Faigh amach agus déan machnamh ar na nithe atá bainte amach ag cruthaitheacht daonna.
- Scrúdaigh mar a bhaineann daoine mí-úsáid as a gcumhacht cruthaitheach.
- Léirigh na trí nathanna cainte a bhaineann le hinsint scéal an tslánaithe (Sean-Tiomna, saol Íosa, agus stair na hEaglaise).

# Aguisín A

**Ba chóir go mbeadh ar chumas an pháiste na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:**
- **scrúdaigh bealaí conas meas a léiriú agus foghlaim faoi dhaoine agus ó dhaoine a chleachtaíonn reiligiúin nó córais creidimh eile.**

### Ag Leibhéal 3
- Scrúdaigh déantáin reiligiúnacha ó thraidisiún reiligiúnacha eile.
- Pléigh mar is féidir leat fáilte a chur roimh dhuine ó chreideamh eile sa bhaile nó ar scoil.
- Pléigh mar is féidir linn foghlaim faoi dhaoine a bhfuil creidimh éagsúla acu linn féin.
- Pléigh iompar oiriúnach agus tú ag ionad adhartha dhaoine a bhfuil creideamh reiligiúnach eile acu.
- Déan do mhachnamh ar scéal ó reiligiún domhanda eile a léiríonn tuiscint ar chruthaitheacht.
- Roinn féilte le páistí a bhfuil creideamh eile acu.

### Ag Leibhéal 4
- Scrúdaigh coincheap na flaithiúlachta maidir le daoine a bhfuil creidimh eile acu.
- Pléigh claontacht i leith reiligiúin.
- Aithin dualgais Chríostaithe i dtreo dhaoine i ngrúpaí eithneacha agus reiligiúnacha éagsúla.
- Pléigh conas tús a chur le comhrá le duine a bhfuil creideamh reiligiúnach eile acu.
- Déan machnamh ar scéal ó reiligiún domhanda eile a léiríonn go bhfuil dúil ann i gceartas agus i síocháin.

## Samplaí ón snáithe: 'Briathar Dé'
**Ba chóir go mbeadh ar chumas an pháiste na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:**
- **smaointe, mothúcháin agus ceisteanna a chur faoi théacsanna an Scrioptúir Naofa trí chur in iúl ó bhéal, drámaí soch-drámatúil, ag cumadh, ag gluaiseacht, ag scríobh, ag insint scéalta, ceol, deasghnátha, filíocht, dráma próisis, ealaín agus na meáin dhigiteacha.**

### Ag Leibhéal na Réamhscoile/Leibhéal 1
- Déan dráma de scéal le cairde agus úsáid deilbhíní.
- Tarraing cad a cheapann siad faoi scéal.
- Comhlánaigh ráitis 'Meas tú' (Dráma Cráifeach).
- Déan dráma de scéal na Nollag.

### Ag Leibhéal 2
- Úsáid taos súgartha chun múnla a dhéanamh de scéal an Aoire Mhaith.
- Úsáid an múnla sin chun an scéal a scrúdú liom féin nó le páirtí.
- Forbair teanga an Bhíobla trí phróiseas an dráma.
- Déan taifead ar fhreagra faoi scéal ón Scrioptúr Naofa trí phictiúir agus scríbhneoireacht.
- Freagair do charachtair agus d'imeachtaí i scéal (líníocht agus teidil, plé, drámaíocht).

### Ag Leibhéal 3
- Cuir dráma puipéid ollmhór i láthair le script a bhíonn curtha le chéile i gcomhar acu agus na príomhcharachtair ann ó scéal scrioptúir.
- Déan mím nó dráma balbh de scéal ón Scrioptúr Naofa.

# Aguisín A

- Tarraing scéalmapa de scéal ina léireofar sraith imeachtaí.
- Léigh amach os ard sleachta as na scrioptúir.
- Tóg scéalmapaí de scéalta ón mBíobla.
- Cuir an saol san fhichiú haonú aois i gcomparáid leis an saol sa Phalaistín san aonú haois. (m.sh. déan plé ar an gcineál bia a bhíodh á ithe ag Íosa; tóg múnla de ghnáthshráidbhaile agus/nó teach le linn am Íosa; cuir gníomhartha laethúla i gcomparáid lena chéile ó thaobh cosúlachtaí/difríochtaí: uisce a bhailiú, bia a fháil, éadach, gairmbheatha, obair tí, ag ceannach agus ag díol).
- Tóg móibíl focal agus pictiúr ina léireofar íomhánna sna scéalta.

**Ag Leibhéal 4**

- Déan cairt 'roimh agus i ndiaidh' chun tionchar ghníomhaíocht Dé a léiriú i saol na bpríomhdhaoine sna scéalta sna scrioptúir.
- Pléigh cuspóirí na bparabal.
- Cruthaigh gréasán chun an caidreamh idir carachtair sa scéal a léiriú.
- Tabhair tuairim phearsanta mheáite de scéal ón Scrioptúr Naofa ó bhéal nó i bhfoirm scríbhinn.
- Ullmhaigh agus cuir i láthair craoladh raidió nó teilifíse faoi Pheadar agus Eoin.
- Tabhair ar aird agus mínigh focail agus íomhánna i bparabal a chuidíonn chun teachtaireacht agus cuspóir an pharabail a mhíniú.
- Cruthaigh colláis bunaithe ar shiombal nó ar mheafar i dtéacs scrioptúrtha.
- Scríobh portráid ar chara Íosa.
- Cruthaigh seisiúin mhachnaimh shimplí maidir le sleachta as na scrioptúir.
- Scrúdaigh pictiúir as scéalta sa Bhíobla (m.sh. i dtéacsleabhair, i litríocht do pháistí, sna meáin dhigiteacha srl.).
- Inis an scéal faoi rud éigin nua-aimseartha m.sh. cé a bheadh ina ndeich lobhar sa lá atá inniu ann?
- Inis scéal trí na meáin dhigiteacha.
- Scríobh scéal ón Scrioptúr Naofa i d'fhocail féin.

# Aguisín B

## Oideachas Reiligiúnach agus Comhtháthú i gCuraclam na Bunscoile

Cuidíonn Oideachas Reiligiúnach Caitliceach go mór le spriocanna churaclam na bunscoile i réimsí eile eolais. Mar a mhínigh Naomh Eoin Pól II, déanfar iarracht le hOideachas Reiligiúnach i gcónaí 'fanacht i dteagmháil le gnéithe eile d'eolas agus d'oideachas na ndaltaí; ar an tslí sin beidh an soiscéal in aigne na ndaltaí agus iad ag foghlaim agus cinnteofar comhoiriúnú a gcultúr i bhfianaise an chreidmh' (CT 69).

Tá roinnt téamaí oideachais (nó tras-churaclam) i gCuraclam Thuaisceart Éireann. Is ionann iad agus topaicí a mbíonn sainmhíniú déanta ar a scóip trí shraith cuspóirí arna sonrú ag Ordú Reachtúil. Bíonn na cuspóirí fite fuaite ina chéile, agus múintear leis na hábhair éigeantacha i *gCuraclam Thuaisceart Éireann* agus le hOideachas Reiligiúnach. Is ionann na téamaí traschuraclaim atá oiriúnach do bhunscoileanna agus Teicneolaíocht an Eolais, Oideachas don Chomhthuiscint, Oidhreacht Chultúrtha agus Oideachas Sláinte.

Sa Phoblacht, tá *Curaclam na Bunscoile* (1999) bunaithe ar an bprionsabal de chomhtháthú foghlama: 'Don pháiste óg, níl aon tábhacht leis an idirdhealú idir ábhair: is é an ní is tábhachtaí go mbíonn sé nó sí páirteach i bpróiseas foghlama comhleanúnach a fhreastalaíonn ar ghnéithe éagsúla. Tá sé tábhachtach, mar sin, ceangal a dhéanamh idir foghlaim in ábhair éagsúla' (PSC 16).

Cé go bhfuil a thábhacht shainiúil féin le gach ábhar agus nach mór iad a mhúineadh de réir a bprionsabail agus modhanna féin, aithneoidh múinteoirí an deis atá ann naisc luachmhara a dhéanamh idir oideachas spioradálta, morálta agus Reiligiúnach agus gach réimse eile den churaclam. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh meas a léiriú ar shaoirse coinsiasa na bpáistí nach roghnaíonn Oideachas Reiligiúnach. Tá roinnt nasc agus deiseanna traschuraclaim do staidéir chomhtháite tugtha ar aird thíos.

### 1. Teanga agus Litearthacht

**Oideachas Reiligiúnach**

- ionchorpraítear úsáid na héisteachta agus na cainte mar chroí-straitéisí foghlama, soláthraítear deiseanna chun cur le saibhreas teanga agus le cur in iúl ó bhéal na bpáistí
- soláthraítear saibhreas téacsanna éagsúla don chur in iúl ó bhéal agus forbairt ar an léitheoireacht lena n-áirítear téacsanna naofa, scéalta, paidreacha, téacs liotúirgeach, filíocht, scéalta stairiúla, parabail, seanfhocail, scéalta míorúiltí, salm, ráitis chríonna.
- forbraítear straitéisí tuisceana, straitéisí taighde agus scileanna réiteach fadhbanna
- cuirtear ar chumas páistí a scéalta agus a ndánta féin a chumadh agus a scríobh
- cuirtear ar chumas páistí tuiscint a fháil ar choinbhinsiúin d'idirchaidreamh teanga shóisialta sa réimse reiligiúin
- cuirtear ar chumas páistí iomais, mothúcháin, tuairimí, smaointe agus freagairt ar chásanna fíor agus samhailteacha a chur in iúl, trí bheith ag caint, ag plé agus ag scríobh
- cuirtear ar chumas páistí cásanna samhailteachta a chruthú, a fhorbairt agus a chothú trí chaint, trí phlé agus cuireann drámaíocht ar ala na huaire ar chumas páirtí scríobh i seánraí éagsúla atá oiriúnach don scoil agus do riachtanais lasmuigh (m.sh. liotúirge ranga a chumadh)
- cuirtear ar chumas páistí teicneolaíocht ríomhaireachta a úsáid chun eolas a fháil
- beidh sé comhtháite leis na snáitheanna seo a leanas den **Churaclam Teanga agus Litearthachta.**

# Aguisín B

| Snáithe | Ranganna Naíonán |
|---|---|
| *Cur in iúl ó Bhéal* | • Ag éisteacht go gníomhach le scéalta reiligiúnacha, dánta, amhráin agus rainn.<br>• Foclóir agus comhréir reiligiúnach a fhorbairt.<br>• Ceisteanna a chur agus cur síos a dhéanamh.<br>• Sult a bhaint as spraoi samhlaíoch le teanga reiligiúnach (meafar, parabal, siombal).<br>• Eispéireas agus coincheapa nua a phlé: m.sh. plé ar shaincheisteanna reiligiúnacha/spioradálta/morálta agus comhrá a choinneáil ar ábhar ar leith.<br>• Réitigh agus tuairimí a roinnt: m.sh. a bheith páirteach i gcomhráite morálta agus i ndíospóireacht ag úsáid argóintí; ag aithint, ag díospóireacht agus ag réiteach aincheisteanna morálta.<br>• Mothúcháin agus samhlaíocht a roinnt: m.sh. mothúcháin spioradálta a scrúdú agus cur síos a dhéanamh orthu, ceisteanna, eispéiris agus coincheapa. |
| *Ag Léamh* | • Ag baint sult as a bheith ag éisteacht le scéalta in Oideachas Reiligiúnach.<br>• Timpeallacht lán le hábhair chlóite (Bíobla do pháistí, spás naofa).<br>• Ag freagairt don léamh.<br>• Scileanna tuisceana.<br>• Scileanna aisghabhála eolais. |
| *Ag scríobh* | • Cur in iúl ó bhéal agus ag scríobh: ag éisteacht le scéalta agus le hamhráin reiligiúnacha agus ag tarraingt/ag scríobh fúthu.<br>• Luath-scríbhneoireacht: ag tarraingt pictiúr de théama reiligiúnach agus ag scríobh rud éigin faoi.<br>• An fiúntas atá leis an méid a scríobhann páistí: scríbhneoireacht phearsanta le feiceáil ar taispeáint sa chúinne urnaí/spás naofa. |

| Snáithe | Ranganna 1 agus 2 |
|---|---|
| *Cur in iúl ó bhéal* | • Ag éisteacht go gníomhach le scéalta, dánta, amhráin agus véarsaíocht reiligiúnach.<br>• Foclóir agus comhréir reiligiúnach a fhorbairt.<br>• Ceisteanna a chur agus cur síos a dhéanamh.<br>• Sásamh a bhaint as spraoi samhlaíoch agus teanga reiligiúnach (meafar, parabail, siombail).<br>• Eispéireas agus coincheapa nua a phlé: m.sh. saincheisteanna reiligiúnacha/spioradálta/morálta a phlé.<br>• Réitigh agus tuairimí a roinnt: m.sh. a bheith gníomhach i bplé agus i ndíospóireacht mhorálta; cruacháis mhorálta a aithint, a phlé agus a réiteach.<br>• Mothúcháin a roinnt agus samhlaíocht: m.sh. mothúcháin spioradálta, ceisteanna, eispéiris agus coincheapa. |

Aguisíní

# Aguisín B

| | |
|---|---|
| *Ag léamh* | • Sult a bhaint as a bheith ag éisteacht le scéalta in Oideachas Reiligiúnach.<br>• Ag freagairt don léitheoireacht: m.sh. scéal reiligiúnach simplí a insint agus a mhíniú, ceisteanna a chur, rólimirt, gaol idir carachtair, cásanna agus mionsonraí scéalta sna scéalta reiligiúnacha agus eispéireas pearsanta, ráiteas/líne ó Scrioptúr Naofa a léamh os ard.<br>• Scileanna tuisceana: m.sh. scéal ón Scrioptúr Naofa a athinsint ó thus go deireadh, nithe agus torthaí sa todhchaí i scéalta reiligiúnacha a mheas.<br>• Scileanna maidir le faisnéis a aisghabháil. |
| *Ag scríobh* | • Cur in iúl ó bhéal agus ag scríobh: scéalta agus amhráin reiligiúnacha a chloisint agus ag tarraingt/scríobh fúthu.<br>• Scríobh-luath: ag tarraingt pictiúir le téama reiligiúnach agus ag scríobh faoi.<br>• Seánraí scríbhneoireachta: paidir/dán a scríobh; scéalta agus dánta a tharraingt agus a scríobh. Leagan de scéal reiligiúnach a insíonn an múinteoir a scríobh.<br>• Seánraí éagsúla a scrúdú: parabal, salm, paidir.<br>• Eispéaras pearsanta agus rogha: Ag scríobh faoi eispéiris spioradálta, ag scríobh faoi mo Bhaiste, mo Chéad Chomaoineach.<br>• Ag freagairt trí scríobh: ag éisteacht le heispéiris spioradálta dhaoine eile agus a dtuairimí féin ina leith a scríobh.<br>• Luach ar scríbhneoireacht na bpáistí: scríbhneoireacht phearsanta ar taispeáint sa chúinne urnaí/spás naofa.<br>• Téarmaí morálta agus reiligiúnacha a litriú. |

| Snáithe | **Ranganna a 3 agus 4** |
|---|---|
| *Cur in iúl ó bhéal* | • Sult a bhaint as teanga reiligiúnach.<br>• Gníomhartha sóisialta a dhéanamh: m.sh. léirthuiscint ar bhuanna agus ar chumais dhaoine eile a chur in iúl.<br>• Scéalta agus dánta reiligiúnacha a iniúchadh: m.sh. peirspictíocht na ndaoine sna téacsanna a ghlacadh: scéal na Cásca a insint ó thaobh Mhuire.<br>• Eispéiris reiligiúnacha a phlé: m.sh. ceisteanna a chur faoi shaincheisteanna eiseach agus ábhair imní spioradálta: Cé muid féin? Cá bhfuilimid? Cad atá mícheart leis an domhan? Cén réiteach atá air?<br>• Saincheisteanna reiligiúnacha/eiticiúla, ábhair imní agus coincheapa nua a phlé: m.sh. míniúcháin a úsáid chun eolas nó soiléireacht a thabhairt agus tuilleadh a rá: míniú a thabhairt ar an tábhacht atá le cleachtas na hEaglaise mar throscadh, Aifreann ar an Domhnach, an paidrín a rá.<br>• Réitigh agus tuairimí a roinnt: m.sh. saincheisteanna morálta a aithint, a phlé agus a réiteach, údar a thabhairt le cinntí morálta a dhéantar.<br>• Mothúcháin agus samhlaíocht a roinnt: m.sh. leas a bhaint as mím chun smaointe, freagairtí, mothúcháin, mianta agus meonta reiligiúnacha a chur in iúl. |

| | |
|---|---|
| | • Ag éisteacht go gníomhach: le scéalta, dánta, amhráin reiligiúnacha; ag éisteacht le cur i láthair ar reiligiún eile agus cinneadh a dhéanamh faoi na ceisteanna is tábhachtaí le cur.<br>• Taithí a fháil ar fhoclóir reiligiúnach níos dúshlánaí, saol na manach, eiticí timpeallachta. |
| *Ag léamh* | • Sult a bhaint as a bheith ag éisteacht le léitheoireacht in Oideachas Reiligiúnach.<br>• Seánraí léitheoireachta: téacsanna reiligiúnacha; fabhalscéalta agus scéalta morálta.<br>• Ag freagairt do théacsanna morálta/reiligiúnacha.<br>• Leas a bhaint as straitéisí tuisceana i ndáil le téacsanna reiligiúnacha: m.sh. gréasán a chruthú chun caidrimh idir carachtair i scéal a léiriú; scéalmapaí a chruthú chun sraith imeachtaí a léiriú; gníomhaíocht thuairimíochta faoi theagasc amháin de chuid Íosa i ról eile mar shampla, baintreach, saighdiúr Rómhánach, deisceabal, bailitheoir cánach. Scileanna aisghabhála eolais a fhorbairt i ndáil le tionscadail in Oideachas Reiligiúnach, m.sh. sleachta iomchuí ón Scrioptúr a roghnú do rang, d'Aifreann nó do liotúirge. |
| *Ag scríobh* | • Cur in iúl ó bhéal agus ag scríobh: foclóir reiligiúnach saibhir a bheith agat mar chuid den ullmhúchán don scríbhneoireacht.<br>• Seánraí scríbhneoireachta: urnaí, liostaí, dialainn, dánta, scéalta morálta, scéal ón Scrioptúr Naofa a scríobh ina bhfocail féin.<br>• Eispéiris agus rogha pearsanta: ag scríobh faoi eispéiris spioradálta, morálta agus reiligiúnach i bhfoirm dialainne.<br>• Ag freagairt do scéalta/dánta reiligiúnacha trí scríbhneoireacht. |

| Snáithe | **Ranganna 5 agus 6** |
|---|---|
| *Cur in iúl ó bhéal* | • Sult a bhaint as teanga reiligiúnach.<br>• Feidhmeanna sóisialta a bhaineann le reiligiún a chomhlíonadh: m.sh. fáilte a chur roimh chuairteoirí ó phobal creidimh eile, iompar cuí a chleachtadh agus cuairt á thabhairt ar ionad adhartha; scileanna idirphearsanta éifeachtacha a chleachtadh chun go mbeifear in ann labhairt le daoine eile ar bhealaí síochánta, caoinfhulangach agus go neamhidirdhealaitheach.<br>• Scéalta agus dánta reiligiúnacha a iniúchadh.<br>• Eispéiris reiligiúnacha a phlé.<br>• Saincheisteanna reiligiúin, ábhair imní agus coincheapa nua a phlé, m.sh. éagóir, an luach atá le seanfhocail morálta, drámaí, scannáin agus cláir theilifíse a phlé i bhfianaise luachanna Críostaí; hipitéis agus míniúcháin a chruthú maidir le coincheapa agus creidimh reiligiúnacha – beatha tar éis bháis, plé idir-reiligiúnach, foréigean agus cogadh.<br>• Mothúcháin agus samhlaíocht a roinnt: m.sh. leas a bhaint as mím chun smaointe, freagairtí, mothúcháin, mianta agus meonta reiligiúnacha a chur in iúl. |

| | |
|---|---|
| | • Ag éisteacht go gníomhach: m.sh. le scéalta, le craoltaí raidió, cuairteoirí ó reiligiúin eile; orduithe mionsonraithe ar chruthú liotúirge ranga a leanúint; orduithe mionsonraithe nó treoracha a thabhairt don rang.<br>• Foclóir reiligiúnach agus struchtúr abairtí níos casta a fhorbairt: m.sh. an míniú agus an bunús atá le focail reiligiúnacha a phlé leis an múinteoir. |
| *Ag léamh* | • Sult a bhaint as a bheith ag éisteacht le léitheoireacht in Oideachas Reiligiúnach.<br>• Seánraí léitheoireachta: m.sh. *gnéithe téacs as téacsanna sa Bhíobla:* ord imeachtaí, plota, carachtracht, íomhánna, meafair, samhail, parabail, athrá, codarsnacht, siombailí, teachtaireachtaí, gnéithe gramadaí, córas tagartha don Bhíobla.<br>• Ag freagairt do phíosaí léitheoireachta: m.sh. scileanna léitheoireachta agus féachana criticiúla a fhorbairt – ag féachaint ar steiréitíopáil, ar mhíléamh agus ar easnaimh maidir leis an gcaoi a gcuirtear seandaoine i láthair sna meáin; díospóireachtaí ar líne ar shaincheisteanna reiligiúnacha a scrúdú; carachtair ficsin sa litríocht a mheas maidir lena gcáilíochtaí morálta pearsanta.<br>• Leas a bhaint as straitéisí tuisceana i ndáil le téacsanna reiligiúin: m.sh. léaráidí de scéalta Bíobla a scrúdú; sleachta de Scrioptúr Naofa a fháil de réir leabhair, caibidil agus véarsa; léarscáil coincheapa a chruthú do scéal; seasaimh éagsúla nó eile a chur i láthair dóibh sin i dtéacs Bíobla (m.sh. scéal Íosa agus an bhean ag an tobar agus an bhean mar an scéalaí an t-am seo). |
| *Ag scríobh* | • Cur in iúl ó bhéal agus ag scríobh: foclóir reiligiúnach saibhir a bheith agat mar chuid den ullmhúchán don phróiseas réamhscríbhneoireachta.<br>• Seánraí scríbhneoireachta: m.sh. paidreacha, liostaí, dialanna, dánta, scéalta, cás a argóint i scríbhinn do thuairim áirithe (moráltacht).<br>• Eispéiris phearsanta agus rogha: m.sh. dialann a choimeád.<br>• Téarmaí morálta agus reiligiúnacha a litriú.<br>• Ag freagairt trí scríobh faoi scéalta, dánta reiligiúnacha srl.<br>• Raon lucht éisteachta: feasachán Eaglaise a scríobh, ag freagairt na litreacha ar leathanach na litreacha i nuachtán Caitliceach, ag scríobh chun eolas a aimsiú faoi eaglais nó eagraíocht charthanachta. |

## 2. Matamaitic

**Oideachas Reiligiúnach**

- cuirtear deiseanna ar fáil coincheapa agus próisis mhatamaitice a fheidhmiú.
- cumasaítear páistí chun dátaí a bhailiú, a rangú, a eagrú agus a chur i láthair i bhfoirmeacha éagsúla.
- ionchorprófar an t-oideachas reiligiúnach leis na snáitheanna a leanas sa **Churaclam Matamaitice:**

# Aguisín B

| Snáithe | **Ranganna Naíonán** |
|---|---|
| *Bearta* | • Am: céimeanna i scéal a chur in ord, m.sh. imeachtaí a chur in ord i scéal ón Scrioptúr Naofa ach leid a fháil ó chlár ríomhaireachta; ag lua an oird ag a dtarlaíonn nithe ag Baiste, ag comhaireamh an líon laethanta i scéal, ag comhaireamh an líon daoine i scéal reiligiúnach. |

| Snáithe | **Ranganna 1 agus 2** |
|---|---|
| *Bearta* | • Am: dátaí suntasacha sa bhliain liotúirgeach, m.sh. an lá sa tseachtain a cheiliúrfar Lá le Pádraig a aithint ón bhféilire.<br>• Imeachtaí liotúirge a chur in ord agus foclóir ama in úsáid. |

| Snáithe | **Ranganna 3 agus 4** |
|---|---|
| *Bearta* | • Am: séasúir na bliana liotúirgí a chur in ord; úsáid a bhaint as féilirí chun dátaí sa bhliain liotúirgeach a oibriú amach; an t-idirlíon a úsáid chun an t-am a bheidh an ghrian ag éirí agus ag dul faoi le linn Ramadan a aimsiú.<br>• Gníomhartha agus gníomhaíochtaí i ndeasghnátha a chur in ord m.sh. Turas na Croise, imeachtaí na Seachtaine Móire, comharthaí baiste.<br>• Amlínte a scrúdú; m.sh. scéal Mhaoise. |

| Snáitheanna | **Ranganna 5 agus 6** |
|---|---|
| *Bearta* | • Amchláir a léamh: m.sh. taighde a dhéanamh ar amanna urnaí Mhuslamaigh na hÉireann le linn Ramadan.<br>• Amlínte a thógáil d'imeachtaí Bíobla m.sh. Scrioptúir na hEabhraise, Scrioptúir Críostaí, Am na hEaglaise, Na trí 'nóiméad' iontacha de stair an tslánaithe: cruthú an domhain, slánú, comhlíonadh; an líon blianta idir imeachtaí a oibriú amach; amlínte a fhorbairt chun téamaí tábhachtacha a léiriú, m.sh. amlíne ar a léirítear daoine tábhachtacha a d'oibrigh ar son na síochána riamh anall.<br>• Amlíne don bhliain liotúirgeach a dhéanamh.<br>• Gníomhartha agus gníomhaíochtaí i ndeasghnátha a chur in ord m.sh. céimeanna sa Chóineartú. |
| *Sonraí* | • Sonraí a bhailiú, a eagrú agus a chur i láthair, m.sh. píchairt ina bhfuil na traidisiúin reiligiúnacha in Éirinn; treoghraf ina léirítear an méid airgid a tugadh do Thrócaire thar roinnt blianta. |

# Aguisín B

## 3. Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta

**Oideachas Reiligiúnach**

- tosaítear le heispéireas pearsanta, eispéareas laistigh den teaghlach, timpeallacht an pháiste agus ansin as sin go dtí pobail áitiúla agus níos leithne.
- an tábhacht atá le céannacht agus le ról an pháiste sa phobal áitiúil agus níos leithne, agus íogaireacht i dtreo bhealaí saoil dhaoine eile, go háitiúil agus ar fud an domhain.
- cuirtear tuiscint ar chúrsaí éiceolaíochtaí chun cinn trí chuidiú le páistí bunús agus luach na beatha a bhreithniú, mar a bhíonn gach ní ag brath ar a chéile, agus chomh tábhachtach agus atá sé aire a thabhairt don imshaol (Curaclam na hEolaíochta 11).
- ‘cothaítear tuairimí daonna agus freagracha agus léirthuiscint ar an domhan de réir chreidimh agus luachanna’ (aidhm OSPS).
- ‘cuidítear le páistí foghlaim faoi dhaoine, imeachtaí, agus saincheisteanna agus imeachtaí cultúir a raibh tionchar acu ar an bpobal áitiúil agus ar an imshaol’ (Curaclam na Staire 13)
- forbraítear comhbhá le daoine ó thimpeallachtaí éagsúla agus tuiscint ar mar a bhraitheann daoine ar a chéile (Curaclam Tír Eolaíochta 14).
- tugtar dúshlán d’úsáid na samhlaíochta agus na fianaise chun gnéithe den am atá caite a atógáil (Curaclam na Staire 13).
- forbraítear freagracht agus toilteanas a bheith rannpháirteach i gcaomhnú na hoidhreachta (Curaclam na Staire 13).
- cuidítear le páistí tuiscint a fháil ar am agus ar chróineolaíocht trí amlínte agus scéalmapaí.
- cuidítear le páistí taighde agus taifeadadh a dhéanamh agus úsáid a bhaint as fianaise do thionscadail chun gníomhú mar staraithe iad féin.
- ionchorprófar an t-oideachas reiligiúnach leis na snáitheanna a leanas sa **Churaclam Staire:**

| Snáitheanna | **Ranganna Naíonán** |
|---|---|
| *Mise agus mo Theaghlach* | • Scrúdú a dhéanamh ar mo Bhaiste (fianaise a úsáid: grianghraif, éadach, coinneal srl).<br>• Plé a dhéanamh mar a dhéanann baill den teaghlach cúram dá chéile.<br>• Ócáidí ceiliúrtha sa teaghlach a scrúdú (fianaise a úsáid: grianghraif). |
| *Scéalaíocht* | • Scéalta faoi shaol daoine ó raon cúlraí reiligiúnacha (cumarsáid).<br>• Cróineolaíocht imeachtaí i scéalta reiligiúnacha a phlé (am agus cróineolaíocht: tús, lár agus deireadh). |

| Snáitheanna | **Ranganna 1 agus 2** |
|---|---|
| *Mise agus mo Theaghlach* | • Mise ag fás agus ag athrú (OCG i gcomhthéacs Críostaí).<br>• Ócáidí teaghlaigh reiligiúnacha a phlé (úsáid as fianaise: Baiste, An Chéad Chomaoineach srl).<br>• Féilte san am atá thart (Nollaig, Samhain agus ag cuimhniú ar na mairbh, féilte Críostaí áitiúla: athrú agus leanúnachas). |

# Aguisín B

| | |
|---|---|
| *Scéalaíocht* | • Scéalta faoi shaol daoine ó raon cúlraí reiligiúnacha.<br>• An t-ord i scéalta a phlé (am agus cróineolaíocht).<br>• Cúis agus éifeacht i scéalta a phlé.<br>• Comhbhá a fhorbairt: mothúcháin na gcarachtar sna scéalta reiligiúnacha a shamhlú agus a phlé.<br>• Staidéar a dhéanamh ar shaol Chríostaithe a chur go mór lena saol áitiúil nó náisiúnta. |

| Snáitheanna | **Ranganna 3 agus 4** |
|---|---|
| *Staidéar Áitiúil* | • Foirgnimh, láithreáin nó fothracha sa cheantar áitiúil (séipéal áitiúil, tobar, reilig, mainistir srl).<br>• Stair an phobail Chríostaí áitiúil.<br>• Stair na scoile áitiúil: sceál bhunaitheoir na scoile.<br>• Ionaid oilithreachta áitiúil.<br>• Féilte san am atá thart – féilte agus custaim reiligiúnacha a bhíonn á gceiliúradh ag baill éagsúla den scoil agus den phobal áitiúil (Caitlicigh, Muslamaigh, Giúdaigh srl). |
| *Scéalaíocht* | • Scéalta faoi shaol Chríostaithe nó daoine reiligiúnacha eile san am atá thart m.sh. scéalta faoi mhná Beannaithe sa Sean-Tiomna, scéal Abrahám, Mahamad. |
| *Pobail agus Sochaithe Ársa* | • Éire Luath-Chríostaí.<br>• An saol sa Phalaistín san aonú aois (Giúdachas, an struchtúr eacnamaíoch, tithíocht, éadach, bia, saol laethúil agus custaim).<br>• Maois, na hIosraeilítigh agus sochaí na hÉigipte.<br>• Spioradáltacht Chríostaithe na hÉireann san am atá thart (oilithreachtaí, spioradáltacht Cheilteach, ionaid bheannaithe). |
| *Saol, Sochaí, Obair agus Cultúr san Am atá thart* | • Stair an phobail Chaitlicigh áitiúil.<br>• Stair na bpobal Críostaí eile sa cheantar áitiúil.<br>• Misean na misinéireachta san Eaglais in Éirinn.<br>• Creidimh Críostaí a scrúdú trína healaíona, ailtireacht agus an ceol san am atá thart. |

# Aguisín B

| Snáitheanna | Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|
| *Staidéar Áitiúil* | • Féilte san am atá thart: féilte na mór-reiligiúin domhanda.<br>• Féilte a bhíonn á gceiliúradh ag daoine áitiúla a bhfuil traidisiúin reiligiúnacha eile acu.<br>• Foirgnimh, láithreáin nó fothracha sa chomharsanacht: Sean-mhainistir, reilig, cosán Aifrinn, carraig Aifrinn, tobar beannaithe a scrúdú.<br>• Scoileanna: obair na n-ord reiligiúnach.<br>• Mo chomharsanacht le linn na n-aoiseanna: staidéar ar an pharóiste/na deoise; úsáid as taifid an pharóiste mar fhianaise. |
| *Scéalaíocht* | • Scéalta faoi shaol Chríostaithe agus daoine eile a throid ar son na síochána, cearta daonna agus ceartas san am atá thart (Gandhi, Nelson Mandela, Martin Luther King Jr.) nó a chuidigh leis an saol áitiúil/náisiúnta, idirnáisiúnta. |
| *Pobail agus Sochaithe Ársa* | • Luath-Eaglais: Saol agus fás na gcéad phobail Críostaí (RCh, AD: am agus cróineolaíocht). |
| *Leanúnachas agus Athrú le himeacht ama* | • Amlíne den slánú san am atá thart, faoi láthair agus sa todhchaí (am agus cróineolaíocht). |

- ionchorprófar an t-oideachas reiligiúnach leis na snáitheanna a leanas sa **Churaclam Tíreolaíochta:**

| Snáitheanna | Ranganna Naíonán |
|---|---|
| *Imshaoil Dhaonna* | • Ag cónaí sa phobal áitiúil: an paróiste/na paróistí áitiúla, sagairt, foirgneamh na heaglaise. |
| *Imshaoil Nádúrtha* | • An domhan a chruthaigh Dia a scrúdú. |
| *Feasacht agus cúram imshaoil* | • An t-imshaol a scrúdú agus meas a bheith ar an imshaol: Domhan Dé. |

# Aguisín B

| Snáitheanna | **Ranganna 1 agus 2** |
| --- | --- |
| *Imshaoil Dhaonna* | • Ag cónaí sa phobal áitiúil: conas mar a oibríonn daoine sa pharóiste le chéile, mo ról sa pharóiste a phlé, bealaí chun cuidiú le daoine eile sa phobal, obair an tsagairt agus daoine eile sa phobal áitiúil, iadsan a oibríonn sa scoil Chaitliceach.<br>• Daoine agus ionaid i gceantair eile: creideamh teaghlaigh do phobail creidimh reiligiúnach eile. |
| *Feasacht agus cúram imshaoil* | • Tuiscint ar fhreagracht aonair agus phobail chun cúram a dhéanamh don imshaol.<br>• Straitéisí a aithint chun an t-imshaol a fheabhsú agus cúram a dhéanamh de. |

| Snáitheanna | **Ranganna 3 agus 4** |
| --- | --- |
| *Imshaoil Dhaonna* | • Staidár ar phobal an pharóiste áitiúil.<br>• Grúpaí eaglaisbhunaithe sa phobal (m.sh. Cumann Naomh Uinseann de Pól).<br>• Ag foghlaim faoi ghrúpaí mionlaigh in Éirinn. |
| *Imshaoil Nádúrtha* | • Ionaid oilithreachta a aimsiú ar léarscáileanna: toibreacha beannaithe, Loch Dearg, Cruach Phádraig, Cnoc Mhuire, Lourdes, Fatima.<br>• Áiteanna sa Bhíobla a aimsiú ar léarscáil (m.sh. Beithil, Nazarat, agus Iarúsailéim). |
| *Feasacht agus cúram imshaoil* | • Dualgas Críostaithe cúram a dhéanamh don domhan.<br>• Luach atá ag gach créatúr a chruthaigh Dia. |

| Snáitheanna | **Ranganna 5 agus 6** |
| --- | --- |
| *Imshaoil Dhaonna* | • Staidéar ar phobail reiligiúnacha in Éirinn (Moslamaigh, Giúdaigh srl).<br>• Gníomhaíocht éacúiméineach agus idirphlé idir-reiligiúnach.<br>• Meas agus luach ar éagsúlacht sa phobal.<br>• Ról ghrúpaí agus eagraíochtaí pobail Chríostaí (m.sh. Cumann Naomh Uinseann de Pól, Trócaire).<br>• Daoine ag obair: próifíl ar easpag áitiúil.<br>• Staidéar a dhéanamh ar dheoisí áitiúla agus ar dheoisí in Éirinn.<br>• Saincheisteanna maidir le trádáil choir agus cúnamh forbraíochta. |

# Aguisín B

| | |
|---|---|
| *Imshaoil Nádúrtha* | • Léarscáileanna den domhan ársa sa Bhíobla (m.sh. An Phalaistín san aonú aois, Abhainn na hIordáine, Muir na Gailíle, fásra, na príomhbhailte agus lonnaíochtaí).<br>• Áiteanna a luaitear sa Bhíobla agus ionaid reiligiúnacha eile a aimsiú ar léarscáil (m.sh. Beithil, Nazarat, agus Iarúsailéim; suíomh Mecca). |
| *Feasacht agus cúram imshaoil* | • Ceann scríbe uilíoch na n-earraí domhanda.<br>• Maoirseacht. |

- ionchorprófar an t-oideachas reiligiúnach leis na snáitheanna a leanas sa **Churaclam Eolaíochta:**

| Snáitheanna | Ranganna Naíonán |
|---|---|
| *Dúile Beo* | • Mise: OCG sa Chomhthéacs Críostaí.<br>• Plandaí agus Ainmhithe: an Domhan a chruthaigh Dia a iniúchadh. |
| *Feasacht agus cúram imshaoil* | • Cúram don chomharsanacht: Iniúchadh agus meas ar an imshaol: Domhan Dé. |

| Snáitheanna | Ranganna 1 agus 2 |
|---|---|
| *Dúile Beo* | • Mise: OCG sa Chomhthéacs Críostaí.<br>• Plandaí agus Ainmhithe: an Domhan a chruthaigh Dia a iniúchadh. |
| *Feasacht agus cúram imshaoil* | • Cúram don chomharsanacht; tuiscint ar fhreagracht aonair agus pobail maidir leis an imshaol.<br>• Straitéisí a aithint chun cúram a dhéanamh don imshaol agus é a fheabhsú. |

# Aguisín B

| Snáitheanna | Ranganna 3 agus 4 |
|---|---|
| *Dúile Beo* | • Beatha an duine: OCG sa Chomhthéacs Críostaí. |
| *Feasacht agus cúram imshaoil* | • Scrúdú a dhéanamh ar an idirghaolmhaireacht idir nithe beo agus neamhbheo san imshaol áitiúil agus eile.<br>• Dualgas Chríostaithe cúram a dhéanamh don domhan.<br>• An luach atá ag gach créatúr a chruthaigh Dia.<br>• Léirthuiscint ar an ngá atá ann acmhainní a chaomhnú. |

| Snáitheanna | Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|
| *Dúile Beo* | • Beatha an duine: OCG sa Chomhthéacs Críostaí. |
| *Feasacht agus cúram imshaoil* | • A aithint go bhfuil an duine féin agus an pobal freagrach as aire a thabhairt don imshaol.<br>• Scrúdú a dhéanamh ar an idirghaolmhaireacht idir nithe beo agus neamhbheo san imshaol áitiúil agus eile.<br>• A aithint mar a chuidíonn reiligiún agus eolaíocht go dearfach le húsáid acmhainní an domhain.<br>• Bealaí a aithint a n-oibríonn reiligiún agus eolaíocht le chéile ar mhaithe leis an imshaol áitiúil agus níos leithne. |

## 4. Oideachas Ealaíon

**Oideachas Reiligiúnach**

- cumasaítear páistí chun leas a bhaint as ealaín, drámaíocht agus ceol chun iad féin a chur in iúl agus don mhachnamh, don fheasacht spioradálta, chun tuiscint a fhorbairt ar dhearcaí agus ar chreidimh éagsúla agus smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach a chur chun cinn, chomh maith le hidirphlé agus díospóireacht.
- cumasítear páistí smaointe a chur in iúl trí leas a bhaint as na healaíona cruthaitheacha agus léiritheacha.
- soláthraítear taithí aeistéitice agus forbraítear feasacht aeistéitice agus léirthuiscint ar na healaíona.
- cuidítear le páistí léirthuiscint a bheith acu ar an gcomhthéacs ina gcruthaítear ealaíon agus déantáin den scoth agus ar an gcultúr as ar fáscadh iad (Curaclam na nAmharcealaíon 11).
- cumasaítear páistí chun éisteacht le raon ceoil ó thréimhsí éagsúla ar mhaithe le sásaimh agus freagairt dóibh.
- ionchorprófar an t-oideachas reiligiúnach leis na snáitheanna a leanas i **gCuraclam na n-Amharcealaíon:**

# Aguisín B

| Snáitheanna | Ranganna Naíonán |
|---|---|
| *Plíníocht* | • Na téamaí a ndéantar iniúchadh orthu in Oideachas Reiligiúnach a léiriú (i líníocht), m.sh. pictiúr a tharraingt de pharabal an Aoire Mhaith; pictiúr de shiúlóid sa dúlra; pictiúr a tharraingt d'Íosa féin.<br>• Ag féachaint agus ag caint faoina chuid/cuid oibre, obair pháistí eile agus obair na n-ealaíontóirí. |
| *Péint agus dath* | • Na téamaí a ndéantar iniúchadh orthu in Oideachas Reiligiúnach a léiriú (i bpéint agus dath), m.sh. scéal na Nollag a phéinteáil; péintéireachtaí ina bhfuil téamaí reiligiúnacha/léaráidí leabhar a phlé; péinteáil dath an ghrá mar a mhothaíonn siadsan é. |
| *Tógáil* | • M.sh. teampall in Iarúsailéim a thógáil le bloic nó ábhair thógála eile tar éis eolas a chur ar Íosa a bheith imithe amú ann. |

| Snáitheanna | Ranganna 1 agus 2 |
|---|---|
| *Líníocht* | • Na téamaí a ndéantar iniúchadh orthu in Oideachas Reiligiúnach a léiriú (i líníocht), m.sh. ag freagairt do Chruthú an Domhain trí líníocht shamhlaíoch; líníocht a dhéanamh den choincheap, is ionann Dia agus grá; íomhá de neamh trí líníocht; pictiúr a tharraingt de Dhia; patrún a dhearadh i mósáic. |
| *Péint agus Dath* | • Na téamaí a ndéantar iniúchadh orthu in Oideachas Reiligiúnach a léiriú (i bpéint agus dath).<br>• Leas as dath chun téamaí a léiriú bunaithe ar a saol spioradálta féin, m.sh. am éigin ar mhothaigh siad rúndiamhair/iontas Dé/Dia i láthair.<br>• Ag caint ar obair ealaíontóirí i dtéacsleabhair/ealaíon reiligiúnach eile. |
| *Cré* | • Carachtair sna scéalta ón Scrioptúr a chur in iúl (mar fhoirmeacha cré). |
| *Nithe a Thógáil* | • Struchtúir shamhlaíocha a dhéanamh m.sh. mionsamhail d'fhoirgnimh agus de shráidbhailte le linn Íosa a thógáil; ag féachaint agus ag caint faoin eaglais áitiúil agus ar phictiúir d'fhoignimh le linn Íosa;<br>• Mionsamhail de mhosc a dhéanamh le bosca bróg agus rolla cairtchláir; seastán Qur'an a dhéanamh; do bhosca spiosraí féin a dhearadh. |

# Aguisín B



| Snáitheanna | Ranganna 3 agus 4 |
|---|---|
| *Líníocht* | • Na téamaí a ndéantar iniúchadh orthu in Oideachas Reiligiúnach a léiriú (i líníocht), m.sh. stiallchartún de scéal sa Bhíobla a dhéanamh; clár ealaíon ríomhaireachta a úsáid chun íomhánna uisce a iniúchadh agus leagan amach a eagrú; leabhar mór líníochtaí den tSeachtain Mhór a chruthú; cárta Bar Mitzvah agus Bat Mitzvah a dhearadh le seoladh chuig cara ar Giúdach é/í. |
| *Péint agus Dath* | • Na téamaí a ndéantar iniúchadh orthu in Oideachas Reiligiúnach a léiriú (i bpéint agus dath).<br>• Dath sa timpeallacht fhísiúil a aimsiú: dathanna na bliana liotúirgí; fuinneog dhaite a dhéanamh.<br>• Léiriúcháin ealaíonta eile de chreidimh reiligiúnacha a aithint agus a phlé – ealaíon reiligiúnach comhaimseartha, ailtireacht eaglaise, míreanna cráifeacha trí na haoiseanna; léiriúcháin den Aiséirí sa stair a chur i gcomparáid le chéile; léaráidí de scéalta Bíoba i litríocht páistí a scrúdú, sna meáin dhigiteacha srl.<br>• A bpéintéireachtaí féin a úsáid mar dhroichead chuig teanga agus coincheapa reiligiúnacha, m.sh.siombal an oileáin a úsáid chun ceisteanna eiseacha a chur faoi mhian, brí agus aibíocht. |
| *Cré* | • Carachtair san Oideachas Reiligiúnach a chur in iúl ( i gcré agus le maisc papier maché). |
| *Fabraic agus Snáithín* | • Culaith do charachtar i scéal Scrioptúir a dhéanamh. |
| *Tógáil* | • Rudaí a dhéanamh chun tuiscint ar an mbliain liotúirgeach a chur in iúl, m.sh. mainséar a thógáil sa seomra ranga.<br>• Scrúdú a dhéanamh ar shéipéal Caitliceach taobh istigh agus é a chur i gcomparáid le séipéal de chuid creideamh Críostaí eile/spás adhartha reiligiún eile.<br>• Leabhar fillte ina mbeadh siombailí an Bhaiste ann a dhéanamh. |

| Snáitheanna | Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|
| *Líníocht* | • Na téamaí a ndéantar iniúchadh orthu in Oideachas Reiligiúnach a léiriú (i líníocht) m.sh. bronntanais/torthaí an Spioraid Naoimh a tharraingt; leas a bhaint as fáisc-ealaín chun bileog eolais a dhearadh do dheasghnách sa seomra ranga; siombail a tharraingt chun creideamh reiligiúnach a léiriú; íomhánna pearsanta de Dhia a scrúdú trí líníocht; patrún *rangoli* a chruthú do na lámha; pláta *Sedar* a dhearadh agus an bia speisialta a théann air a tharraingt; colláis a chruthú bunaithe ar shiombal reiligiúnach. |

# Aguisín B

| | |
|---|---|
| *Péint agus Dath* | • Téamaí a ndéantar iniúchadh orthu in Oideachas Reiligiúnach a léiriú (i bpéint agus dath): m.sh. íocón a chruthú agus machnamh a dhéanamh air.<br>• Léiriúcháin ealaíonta de chreidimh reiligiúnacha a aithint agus a phlé:íomhánna d'Íosa/de Mhuire in ealaín comhaimseartha a iniúchadh; ealaín naofa a scrúdú agus mar a spreagann sé daoine chun urnaí agus do thuiscint níos fearr a fháil ar Dhia; Críost a scrúdú trí shúile na n-ealaíontóirí sna cultúir éagsúla; comhdhéanamh péintéireacht reiligiúnach a scrúdú; cur i láthair i PowerPoint d'íomhánna Íosa trí na haoiseanna. |
| *Cré* | • Carachtair san Oideachas Reiligiúnach a chur in iúl ( i gcré agus le maisc papier maché). |
| *Fabraic agus Snáithín* | • Carachtair ó scéalta a chur in iúl (mar phuipéid nó i gculaith), m.sh. Scéal na Nollag a insint agus puipéid in úsáid agat. |
| *Tógáil* | • Carachtair agus siombailí a iniúchtar trí Oideachas Reiligiúnach a chur in iúl (mar fhoirmeacha papier maché agus struchtúir ar scála mór).<br>• Spás naofa a chruthú don Aidbhint, don Charghas, agus don Cháisc srl.<br>• Taispeántas d'fhéile an fhómhair a chur ar taispeáint sa séipéal áitiúil.<br>• Rudaí a chruthú chun tuiscint a léiriú ar an mbliain liotúirgeach, m.sh. mainséar a thógáil sa seomra ranga; Crosa Naomh Bríd, Crann Isise, féilire Aidbhinte, féilire don bhliain liotúirgeach.<br>• Móibílí pictiúr a thógáil ina léireofar íomhánna/siombailí sna scéalta sa Scrioptúr. |

- ionchorprófar an t-oideachas reiligiúnach leis an **gCuraclam Ceoil** mar seo a leanas:

| Snáitheanna | **Ranganna Naíonán** |
|---|---|
| *Éisteacht agus Freagairt* | • Ag éisteacht le píosaí gearra ceoil le téamaí reiligiúnacha.<br>• Ag freagairt d'amhráin reiligiúnacha trí ghluaiseacht agus rímeanna lámh.<br>• Ag éisteacht le ceol agus iad ciúin agus socair. |
| *Léiriú* | • Amhráin reiligiúnacha aitheanta a aithint.<br>• Buille cruinn a léiriú ag éisteacht le nó ag canadh amhráin reiligiúnacha nó le cantaireacht rithimiúla.<br>• Amhráin agus rímeanna agus rialú dinimiciúil (ard/íseal) a léiriú nuair is cuí. |
| *Cumadóireacht* | • Maisíochtaí fuaime a úsáid le scéalta agus le dánta reiligiúnacha. |

# Aguisín B

| Snáitheanna | Ranganna 1 agus 2 |
|---|---|
| *Éisteacht agus freagairt* | • Ag éisteacht agus ag freagairt do cheol reiligiúnach. |
| *Léiriú* | • Raon amhrán a chanadh a bhfuil téamaí reiligiúnacha acu. |
| *Cumadóireacht* | • Leas as maisíochtaí fuaime chun carachtar nó sraith imeachtaí i scéal reiligiúnach a léiriú. |

| Snáitheanna | Ranganna 3 agus 4 |
|---|---|
| *Éisteacht agus freagairt* | • Ag éisteacht agus ag déanamh cur síos ar cheol naofa, feidhm agus comhthéacs staire an cheoil a aithint nuair is cuí.<br>• Ag freagairt do cheol ó chreidimh dhomhanda agus áit an cheoil i reiligiún. |
| *Léiriú* | • Amhráin reiligiúnacha a chur san áireamh san líon amhrán atá acu.<br>• Uirlisí a úsáid chun tionlacan a thabhairt d'amhránaíocht agus d'amhráin reiligiúnacha. |
| *Cumadóireacht* | • Fuaimeanna éagsúla a roghnú chun carachtair reiligiúnacha, sraith imeachtaí nó atmasféar i scéalta reiligiúnacha a léiriú. |

| Snáitheanna | Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|
| *Éisteacht agus freagairt* | • Ag éisteacht agus ag déanamh cur síos ar cheol naofa, feidhm agus comhthéacs staire an cheoil a aithint nuair is cuí, m.sh.Carúl Loch Garman; taifid ó Mhainistir Ghleann Stail.<br>• Ag freagairt go samhlaíodh do cheol naofa trí ghluaiseacht/damhsa, líníocht, scríbhneoireacht. |
| *Léiriú* | • Ag cur leis an líon amhrán reiligiúnach atá acu agus tuiscint ar chomhthéacsanna staire agus cultúir an cheoil, m.sh. iomainn agus carúil.<br>• Uirlisí a úsáid mar thionlacan d'amhránaíocht reiligiúnach. |
| *Cumadóireacht* | • Roghnú ó fhoinsí fuaime éagsúla (guth, cnaguirlis, uirlis shéiseach agus teicneolaíocht); chun carachtair nó sraith imeachtaí i scéalta reiligiúnacha a léiriú; chun a bheith mar thionlacan le hamhrán reiligiúnach, scéal, paidir, dán nó salm; chun coincheap reiligiúnach teibí a léiriú, m.sh. grá, spiorad; d'ócáid reiligiúnach áirithe m.sh. liotúirge ranga. |

# Aguisín B

- ionchorprófar an t-oideachas reiligiúnach leis an **gCuraclam Drámaíochta** mar seo a leanas:

| Snáith | **Ranganna Naíonán** |
|---|---|
| *Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú* | • *Creidimh Críostaí a iniúchadh trí dhrámaíocht:* scéal na Nollag a aithinsint le frapaí nó puipéid; dráma de scéal na Nollag, rólimirt de ghníomhartha grá; rólimirt Baiste; téamaí mar mhuintearas, fáilteachas, pobal, céannacht, ceangailteacht, roinnt, ceiliúradh, maithiúnas, ciontacht, athmhuintearas a iniúchadh. |
| | • *Luachanna agus teagasc morálta Críostaí a iniúchadh:* m.sh. rólimirt conas freagairt do dhuine a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici, rólimirt conas teacht ar réiteach faoi dhifríochtaí; luachanna mar a bheith fírinneach, cothrom, comhoibritheach, ionraic, meas a léiriú, grá do dhaoine eile, ag roinnt, meas ar an duine féin agus don domhan nádúrtha a iniúchadh. |
| | • *Cruacháis mhorálta sa saol, i scéal nó i dtéacsanna eile a aithint, a phlé agus a réiteach:* a oibriú amach cad a bhíonn ag tarlú i ndrámaí/léiriúcháin agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcéad chéim freagartha eile. |
| | • *Dráma a dhéanamh de scéalta ó na Scrioptúir Naofa: ag freastal ar phríomhghnéithe na scéalta, róil éagsúla a ghlacadh* i ndráma faoi Scrioptúr Naofa, úsáid as spás agus rudaí chun domhan an Bhíobla a athchruthú; tuiscint ar theannas i ndrámaí a fhorbairt (m.sh. cad a dhéanfaidh Muire agus Iósaef anois agus gan aon áit san ósta?). |

| Snáith | **Ranganna 1 agus 2** |
|---|---|
| *Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú* | • *Creidimh Críostaí a iniúchadh trí dhrámaíocht:* scéal an tsuipéir dhéanaigh a athinsint le puipéid (cumadóireacht ar an láthair); dráma samhlaíoch a fhorbairt faoin suipéar déanach; dráma de scéal na caorach agus ról na caorach, an aoire nó an chaora atá ar iarraidh a ghlacadh; téamaí mar mhuintearas, fáilteachas, pobal, céannacht, ceangailteacht, roinnt, ceiliúradh, maithiúnas, ciontacht, athmhuintearas a iniúchadh. |
| | • *Luachanna agus teagasc morálta Críostaí a iniúchadh*: m.sh. rólimirt faoin riail a thug Íosa chun cuidiú lena chairde an rogha ceart a dhéanamh. |
| | • *Cruacháis mhorálta sa saol, i scéal nó i dtéacsanna eile a aithint, a phlé agus a réiteach:* machnamh ar fhadhbanna i ndráma ó dhá pheirspictíocht; plé ar na roghanna a bhíonn ar na carachtar a dhéanamh; machnamh ar chruacháis mhorálta bunaithe ar ghníomhartha Íosa. |
| | • Dráma a dhéanamh de scéalta ó na Scrioptúir Naofa: teanga ón mBíobla a fhorbairt trí phróiseas an dráma. |

| | |
|---|---|
| | • *Ag machnamh ar dhráma*: m.sh. an fhírinne/an ceart a bhain le hiompar carachtair a mheas; idéanna agus prionsabail i scéalta ón Scrioptúr Naofa a fheidhmiú; gníomhartha carachtair a chur i bhfeidhm ina saol féin; radharc ón mBíobla a dhéanamh ó pheirspictíocht eile; foinsí gníomhartha féideartha eile a mholadh. |

| Snáith | Ranganna 3 agus 4 |
|---|---|
| *Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú* | • *Creidimh Críostaí a iniúchadh trí dhrámaíocht:* a bheith gníomhach i bpróiseas dráma ag scrúdú imeachtaí na Seachtaine Móire; creideamh reiligiúnach a léiriú trí dhrámaíocht; ról a ghlacadh i gcur i láthair do Neamhchríostaithe faoi cad a chreideann agus a dhéanann Críostaithe; ról an tsagairt a ghlacadh agus do phost a mhíniú; samhlaigh mar a bheadh pobal na hEaglaise dá n-oibreodh gach duine do Ríocht Dé; ag ligean ort féin gur páiste tú atá i do chónaí le pobal creidimh eile in Éirinn; ag ligean ort féin gur Moslamach tú agus déan cur síos ar do reiligiún. |
| | • *Luachanna agus teagasc morálta Críostaí a iniúchadh*: dráma a dhéanamh de ghnáthnithe a tharlaíonn sa saol a mbíonn gá leis na teachtaireachtaí morálta a aithnítear sna téacsanna reiligiúnacha agus eile a chur i bhfeidhm, m.sh., meas do dhaoine eile, a bheith síochánta, a bheith séimh; an coincheap de bheith ag leanúint ceannasaí a iniúchadh. |
| | • *Cruacháis mhorálta sa saol, i scéal nó i dtéacsanna eile a aithint, a phlé agus a réiteach:* m.sh. rólimirt ar théamaí a dhéanamh mar dháileadh cothrom, ceartas, bulaíocht, pionós nó rialacha agus machnamh a dhéanamh orthu. |
| | • *Dráma a dhéanamh de Scrioptúr:* teanga ón mBíobla a fhorbairt trí phróiseas an dráma; agallamh bréige a dhéanamh le carachtar ón mBíobla; drámaí puipéad agus scripteanna a úsáid ina mbeidh carachtair ó scéalta na Scrioptúr; carachtar ón Scrioptúr i ról; an scéal a insint ó dhearcadh dhaoine éagsúla; leagan nua-aimseartha den scéal; an Samárach Maith a cheistiú, an Léivíteach, an sagart; an dán a scríobh an mac drabhlásach sular bheartaigh sé go raibh sé ag dul abhaile agus ansin cinneadh a dhéanamh faoi cad is dóigh a dhéanfaidh sé. |
| | • *Ag machnamh ar dhráma*: m.sh. an fhírinne/an ceart a bhain le ráitis /gníomhartha carachtair a mheas; idéanna agus prionsabail a fheidhmiú, leaganacha eile de scéalta Scrioptúir a dhéanamh; iad féin a shamhlú i scéalta Scrioptúir (samhlaigh gur tú Maois: cad a dhéarfá le Dia?); do chuid deich n-aitheanta féin a chruthú; carachtair ón mBíobla agus figiúirí reiligiúnacha a cheistiú chun na cúiseanna a ndearna siad an rogha a rinne siad a iniúchadh. |

# Aguisín B

| Snáith | Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|
| *Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú* | • *Creidimh Críostaí a iniúchadh trí dhrámaíocht:* íomhánna éagsúla de Dhia a iniúchadh; íomhánna den Spiorad a iniúchadh; an idé gur chruthaigh daoine an domhan in éineacht le Dia a iniúchadh; creidimh Críostaí dúshlánacha a iniúchadh (m.sh. neamhfhoréigean, rogha níos fearr ag bochtáin, maoirseacht an domhain); samhail nua den Eaglais a chruthú; an oilithreacht go Compostela a shamhlú (oibrigh amach cén bealach a roghnófá chun dul ann, teannais ar an mbealach); dráma de chleachtais a thacaíonn le céannacht Críostaí; teannais a iniúchadh (m.sh. na Luath-Chríostaithe ag roghnú an cheart cead a thabhairt do Gintlithe isteach sa phobal); cód iompair do reiligiún a fhorbairt; bealaí chun fáilte a chur roimh dhaoine ó chultúir agus ó thraidisiúin reiligiúnacha eile a iniúchadh; cásanna a léiriú mar is féidir le Dia a bheith i láthair i gcaidrimh; comhrá idir dhaoine ó chreidimh éagsúla a shamhlú; claontacht reiligiúnach a iniúchadh. |
| | • *Luachanna agus teagasc morálta Críostaí a iniúchadh*: m.sh.iniúchadh a dhéanamh mar a bheadh duine ag léiriú luach Críostaí a théann in aghaidh an chultúir; scileanna a chleachtadh chun déileáil le daoine eile go síochánta, caoinfhulangach, agus neamh-idirdhealaitheach; straitéisí a fhorbairt chun sochaí níos cóire a bheith againn. |
| | • *Cruacháis mhorálta sa saol, i scéal nó i dtéacsanna eile a aithint, a phlé agus a réiteach:* d'fhírinne morálta féin a chruthú agus cruacháis a léiriú bunaithe ar na rialacha sin; i mbun argóna i bhfabhar ruda nó ina aghaidh. |
| | • *Dráma a dhéanamh de Scrioptúr Naofa:* teanga ón mBíobla a fhorbairt trí phróiseas an dráma; agallamh bréige a dhéanamh le carachtar ón mBíobla; seasaimh éagsúil nó éagsúla a chur i láthair seachas na cinn sa scéal (m.sh. miotas nua den chruthaíocht a chruthú); siombailí tábhachtacha a roghnú ó laistigh de dhráma de Scrioptúr Naofa a dhéanann idirdhealú idir na scéalta (m.sh. an Mac Drabhlásach – arbhar, boinn airgid, muc, fáinne); dráma a dhéanamh den chiall atá le téacs ón Scrioptúr Naofa do lucht féachana an ama agus do lucht féachana comhaimseartha; drámaí puipéad agus scripteanna a úsáid ina mbeidh carachtair ó scéalta na Scrioptúr Naofa; carachtar ón Scrioptúr i ról; an scéal a insint ó dhearcadh dhaoine éagsúla; leagan nua-aimseartha den scéal; script a ullmhú do sceál ó Scrioptúr Naofa chun téacs dráma a chruthú; carachtar/grúpa breise a chumadh a d'fhéadfadh Íosa casadh leo agus radharc a dhéanamh eatarthu. |
| | • *Ag machnamh ar dhráma:* m.sh. an fhírinne/an ceart a bhain le gníomhartha agus focail carachtair a mheas; idéanna agus prionsabail a fheidhmiú, teanga samhlaoidí agus íomhánna a thuiscint; Carachtair ón mBíobla agus figiúirí reiligiúnacha a cheistiú chun na cúiseanna a ndearna siad an rogha a rinne siad a iniúchadh. |

| | |
|---|---|
| | • *Iniúchadh a dhéanamh ar 'ghéarchéim' míniúcháin a tháinig chun cinn i ndáil lena spioradáltacht/reiligiún féin trí dhrámaíocht:* m.sh. iniúchadh a dhéanamh ar an mbrú a bhíonn orthu an ghné spioradálta dá saol a chur faoi chois nó a shéanadh; scrúdú ar an tslí gur féidir a n-aird a tharraingt ó na nithe is tábhachtaí dóibh sa chultúr seo; scrúdú ar na haighnis idir luachanna Críostaí agus cultúr an airgid; scrúdú ar choincheap an tomhaltachais; iniúchadh ar íomhánna an duine féin mar a chuirtear i láthair sa chultúr comhaimseartha. |
| | • *Taighde agus meastóireacht ar spioradáltacht dhaoine shuntasacha mar acmhainní dá saol spioradálta féin* m.sh. cur i láthair 'sa charachtar' a dhéanamh faoi dhuine shuntasach agus an tionchar a bhí aige/aici ar dhaoine eile. |

## 5. Corpoideachas

**Oideachas Reiligiúnach**

- cuirtear maireachtáil go folláin chun cinn – an intinn, an cholainn agus an spiorad
- cuirtear comhionannas (cothrom na féinne) agus comhoibriú tuisceanach le daoine eile chun cinn
- cuirtear cur in iúl fisiciúil chun cinn (damhsa, gluaiseachtaí léiritheacha, comharthaí urnaí, rannpháirtíocht i ndeasghnátha), forbairt chruthaitheach agus aeistéitice
- ionchorprófar an t-oideachas reiligiúnach leis na snáitheanna a leanas den **Churaclam Corpoideachais:**

| Snáithe | Ranganna 1 agus 2 |
|---|---|
| *Damhsa* | • Comharthaí reiligiúnach do dheasghnátha (m.sh. ag umhlú agus do ghlúin a fheacadh, comhartha na síochána, gníomhartha don Phaidir).<br>• Ag baint leasa as tréimhsí ciúine chun machnamh agus urnaí a dhéanamh.<br>• Ag foghlaim conas do shuaimhneas a ligean. |

| Snáithe | Ranganna 3 agus 4 |
|---|---|
| *Damhsa* | • Damhsa Liotúirge.<br>• Paidir phearsanta a chruthú trí dhamhsa.<br>• Na focail is fearr leat i salm a léiriú trí dhamhsa.<br>• Giúmar spioradálta agus mothúcháin a chur in iúl trí ghluaiseacht. |

| Snáithe | Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|
| *Damhsa* | • Damhsa Liotúirge.<br>• Damhsaí a chruthú chun scéalta agus idéanna reiligiúnacha a insint (m.sh. scéal Eacsadas). |

# Aguisín B

## 6. Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

**Oideachas Reiligiúnach**

- cuirtear feasacht ar an duine féin chun cinn, mar a chuireann páistí eolas ar na gnéithe spioradálta agus reiligiúnacha de bheith beo
- ofráiltear bunús don féinmheas agus don féinmhuinín os rud é go bhfuil grá ag Dia do gach duine
- múintear gnéithe morálta an tsaoil, ina measc caidrimh, éagsúlacht agus conas dul i ngleic le claontacht, ciníochas, idirdhealú agus bulaíocht
- tugtar cuireadh do pháistí teagasc reiligiúnach maidir le beatha an duine, caitheamh aimsire, caidrimh agus gnéasacht an duine, an pósadh agus saol teaghlaigh a iniúchadh
- cuirtear ar chumas páistí cinntí eolasacha a dhéanamh agus a gcuid tuairimí féin a chur in iúl ar bhealach ómósach
- cuirtear ar chumas páistí a gcuid mothúchán féin agus mothúcháin charactair i scéalta a aithint agus a ainmniú
- cuirtear ar chumas páistí a bheith ar an eolas agus tuisceanach faoi nithe éagsúla a mbíonn tionchar acu ar roghanna agus ar chinntí (OSPS Curaclam 10)
- forbraítear scileanna sóisialta cumarsáide, comhoibrithe agus réiteach coimhlinte (OSPS 10)
- cuidítear le páistí scileanna a fhorbairt chun bualadh le agus casadh ar dhaoine a bhfuil creidimh, dearcaí agus bealach saoil éagsúil acu leo féin.

## Saoránacht

**Oideachas Reiligiúnach**

- eolas agus tuiscint na bpáistí ar éagsúlacht céannachtaí cultúir agus reiligiúnacha in Éirinn agus an gá atá le cóimheas agus tuiscint
- tairgtear deiseanna chun saincheisteanna comhaimseartha spioradálta, morálta, sóisialta, cultúir agus eiticiúla a ardú sa chomhthéacs áitiúil agus domhanda agus múintear do pháistí conas teacht ar réiteach go cothrom
- cuirtear meas ar fhreagracht shóisialta, ar chomhtháthú pobail agus ar éagsúlacht chun cinn agus tugtar dúshlán chlaontacht reiligiúnach, steiréitíopáil agus idirdhealú
- cuirtear ar chumas páistí scileanna cumarsáide a fhorbairt chun páirt a ghlacadh i ndíospóireacht phoiblí i gcóras daonlathach
- forbraítear eolas pháistí ar mar a chuireann grúpaí reiligiúnacha go dearfach le sochaí na hÉireann (OSPS Curaclam 10)
- Cuirtear an luach atá le sochaí cothrom agus comhbhách chun cinn agus tugtar cúnamh do pháistí tuiscint a fháil ar an tábhacht atá leis an fhírinne agus síocháin a lorg (OSPS Curaclam 10)
- Ionchorprófar an t-oideachas reiligiúnach leis na snáitheanna a leanas den **Churaclam OSPS:**

# Aguisín B

| Snáitheanna | Ranganna Naíonán |
|---|---|
| *Mise* | • Dínit an duine (snáithaonad Moráltacht).<br>• OCG sa chomhthéacs Críostaí (snáithaonad Moráltacht).<br>• Grá Dé a iniúchadh mar a fheictear sa duine féin é.<br>• Meas a léiriú don duine féin.<br>• Mo mhothúcháin a aithint.<br>• Cruthú an domhain a iniúchadh leis na céadfaí. |
| *Mise agus daoine eile* | • Meas a léiriú do dhaoine eile agus dá maoine.<br>• Céannacht cultúir/reiligiúnach daoine eile a aithint.<br>• Meas a bheith ar dhifríocht agus ar éagsúlacht i measc a bpiaraí agus freagairt dóibh.<br>• Mothúcháin daoine eile a aithint.<br>• An tábhacht atá ann na buanna atá againn a úsáid chun cuidiú le daoine eile.<br>• Cuidíonn Críostaithe leis na bochtáin.<br>• Scéalta a spreagann feasacht ar dhaoine eile agus meas ar éagsúlacht agus ar dhifríocht.<br>• Cómhalartacht chothrom a thuiscint. |
| *Mise agus an domhan mór* | • Teagasc Sóisialta (féach snáithaonad Moráltacht).<br>• Bíonn meas ag Críostaithe do chách agus déanann siad cúram don domhan mór.<br>• Mar a fhreastalaíonn daoine san Eaglais ar an bpobal áitiúil a aithint agus a thuiscint. |

| Snáitheanna | Ranganna 1 agus 2 |
|---|---|
| *Mise* | • Dínit an Duine (snáithaonad Moráltacht).<br>• Saoirse agus Freagracht an Duine (snáithaonad Moráltacht).<br>• Scileanna pearsanta, cumais agus gnóthachtálacha a iniúchadh chomh maith le srianta agus laigí pearsanta.<br>• Roghanna morálta a mheas go criticiúil (cinntí a dhéanamh).<br>• Meas don cholainn a chruthaigh Dia.<br>• Dia in éineacht linn agus sinn ag fás agus ag athrú.<br>• Fachtóirí a aithint a chuireann fás spioradálta agus athrú chun cinn. |
| *Mise agus daoine eile* | • Teagasc Sóisialta (snáithaonad Moráltacht).<br>• OCG i gcomhthéacs Críostaí (snáithaonad Moráltacht).<br>• Caitheamh le daoine eile le meas.<br>• Bulaíocht agus Sacraimint an Athmhuintearais. |

# Aguisín B

| | |
|---|---|
| *Mise agus an domhan mór* | • An fhreagracht cúram a dhéanamh don méid a chruthaigh Dia.<br>• Forbairt a dhéanamh ar mar a bhfuil páirt agatsa sa phobal áitiúil.<br>• Tuiscint ar éagsúlacht na ngrúpaí reiligiúnacha sa phobal. |

| Snáitheanna | **Ranganna 3 agus 4** |
|---|---|
| *Mise* | • Dínit an Duine (snáithaonad Moráltacht).<br>• Saoirse agus Freagracht an Duine (snáithaonad Moráltacht).<br>• Tuiscint ar an ngairm chun a mbuanna agus a gcumas a fhorbairt agus iad a roinnt le daoine eile.<br>• An tuiscint atá acu ar shaoirse roghanna, breithiúnas morálta agus freagracht an duine (pearsanta agus sóisialta) a fhorbairt.<br>• Na laigí atá acu féin a aithint.<br>• Níos mó tuisceana ar a bhfás agus a bhforbairt féin, maidir le mothúcháin, intinn agus *go spioradálta*.<br>• An cholainn daonna ag brath ar Dhia a thugann agus a chothaíonn an bheatha.<br>• Cinntí a dhéanamh: iniúchadh ar na cúiseanna agus na mothúcháin a mbíonn tionchar acu ar roghanna. |
| *Mise agus daoine eile* | • OCG sa chomhthéacs Críostaí (snáithaonad Moráltacht).<br>• Teagasc Sóisialta (snáithaonad Moráltacht).<br>• Eitic a fhorbairt a bhfuil meas ar chearta agus ar fholláine gach duine, a thugann cosaint dóibh agus a chuireann sin chun cinn.<br>• Scileanna idirphearsanta a fhoghlaim chun go mbeifear in ann déileáil le daoine eile go síochánta, go tuisceanach agus go neamh-idirdhealaitheach.<br>• Tuiscint go bhfuil gá le freagra agus freagracht i gceist le caidrimh le daoine eile. |
| *Mise agus an domhan mór* | • Taighde ar phobail creidimh reiligiúnacha eile.<br>• Bealaí a scrúdú conas fáilte a chuir roimh dhaoine ó chreidimh reiligiúnacha eile in Éirinn agus foghlaim uathu.<br>• Cúram don Imshaol. |

# Aguisín B

| Snáitheanna | Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|
| *Mise* | • Dínit an Duine (snáithaonad Moráltacht).<br>• Saoirse agus Freagracht an Duine (snáithaonad Moráltacht).<br>• OCG sa chomhthéacs Críostaí (snáithaonad Moráltacht).<br>• Machnamh ar chleachtais a thacaíonn le luachanna agus le hidéil atá tábhachtach dóibh.<br>• Scrúdú a dhéanamh ar an gcostas agus an dúshlán atá ann maireachtáil go morálta.<br>• Na luachanna, tuairimí agus ionchais atá thart timpeall orainn sa chultúr comhaimseartha a thuiscint agus a mheas.<br>• Ag athrú *go spioradálta* de réir mar a bhím ag fás.<br>• Scrúdú mar a bhíonn tionchar ag do chreideamh ar chinntí a dhéantar. |
| *Mise agus daoine eile* | • An teaghlach Críostaí. |
| *Mise agus an domhan mór* | • Teagasc Sóisialta (snáithaonad Moráltacht).<br>• Ag machnamh go criticiúil ar na Meáin agus ar an gcultúr coiteann ó dhearcadh Críostaí.<br>• Straitéisí a fhorbairt chun sochaí níos cothroime a chur chun cinn.<br>• Ag scrúdú an méid oibre a dhéanann grúpaí reiligiúnacha ar son an phobail (saoránacht).<br>• Éagothroime agus fadhbanna ceartais a iniúchadh (bochtaineacht, daoine gan dídean, claontacht, idirdhealú, steiréitíopáil) agus mar a bhféadfaí dul i ngleic leo.<br>• Tuiscint a fhorbairt ar an tábhacht atá le gníomhaíocht éacúiméineach agus plé idir reiligiúin.<br>• Ag foghlaim faoi chreidimh eile ar domhan.<br>• Ag scrúdú mar a chomhoibríonn lucht reiligiúin le chéile ar mhaith le ceartas sóisialta. |

# Aguisín C

## Cairt Achoimre: Snáitheanna Curaclaim agus Snáithaonaid

| | Réamhscoil | Leibhéal 1<br>Blianta 1 & 2 | Leibhéal 2<br>Blianta 3 & 4 |
|---|---|---|---|
| Creideamh Críostaí | Rúndiamhair Dé.<br>Rúndiamhair Íosa Críost.<br>Cruthú an Domhain.<br>Rúndiamhair na hEaglaise.<br>An Bheatha Shíoraí. | Rúndiamhair Dé.<br>Rúndiamhair Íosa Críost.<br>Cruthú an Domhain.<br>Rúndiamhair na hEaglaise.<br>An Bheatha Shíoraí. | Rúndiamhair Dé.<br>Rúndiamhair Íosa Críost.<br>Rúndiamhair an Spioraid Naoimh.<br>Cruthú an Domhain.<br>Rúndiamhair na hEaglaise.<br>Muire.<br>An Bheatha Shíoraí.<br>Traidisiúin Reiligiúnacha Eile. |
| Briathar Dé | An Bíobla.<br>Scrioptúr Naofa. | An Bíobla.<br>Scrioptúr Naofa.<br>• Plean Grámhar Dé don Slánú<br>• Breith agus Óige Íosa<br>• Saol Poiblí Íosa<br>• An Pháis, Bás agus An tAiséirí. | An Bíobla.<br>Scrioptúr Naofa:<br>• Plean Grámhar Dé don Slánú<br>• Breith agus Óige Íosa<br>• Saol Poiblí Íosa<br>• Páis agus Bás Íosa<br>• Aiséirí Íosa agus an Chincís. |
| Liotúirge & Urnaí | Ag Urnaí:<br>• Gothaí urnaí<br>• Urnaí fhoirmeálta<br>• Freagraí an Aifrinn<br>• Urnaí ar ala na huaire.<br>An Bhliain Liotúirgeach.<br>An tAifreann. | Ag Urnaí:<br>• Urnaí fhoirmeálta<br>• Paidreacha breise<br>• Urnaí ar ala na huaire.<br>An Bhliain Liotúirgeach.<br>Na Sacraimintí.<br>An tAifreann. | Ag Urnaí:<br>• Urnaí fhoirmeálta<br>• Paidreacha breise.<br>An Bhliain Liotúirgeach.<br>Na Sacraimintí.<br>An tAifreann. |
| Moráltacht Chríostaí | Dínit an Duine.<br>OCG i gcomhthéacs Críostaí. | Dínit an Duine.<br>Teagasc Sóisialta na hEaglaise.<br>OCG i gcomhthéacs Críostaí. | Dínit an Duine.<br>Saoirse agus Freagracht an Duine.<br>Láithreacht ghrástúil agus Cúnamh Dé.<br>Teagasc Sóisialta na hEaglaise.<br>OCG i gcomhthéacs Críostaí. |

Aguisíní

# Aguisín C



| Snáitheanna Curaclaim agus Snáithaonaid | | |
|---|---|---|
| | **Leibhéal 3**<br>**Blianta 5 & 6** | **Leibhál 4**<br>**Blianta 7 & (8 Éire)** |
| Creideamh Críostaí | Rúndiamhair Dé.<br>Rúndiamhair Íosa Críost.<br>Rúndiamhair an Spioraid Naoimh.<br>Cruthú an Domhain.<br>Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta.<br>Muire. | Rúndiamhair Dé.<br>Rúndiamhair Íosa Críost.<br>Rúndiamhair an Spioraid Naoimh.<br>Cruthú an Domhain.<br>Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta.<br>Muire. |
| Briathar Dé | An Bíobla.<br>Scrioptúr Naofa:<br>• Plean Grámhar Dé don Slánú<br>• Breith agus Óige Íosa<br>• Saol Poiblí Íosa<br>• Páis agus Bás Íosa<br>• Aiséirí agus Deascabháil Íosa<br>• An Chincís. | An Bíobla.<br>Scrioptúr Naofa:<br>• Plean Grámhar Dé don Slánú<br>• Breith agus Óige Íosa<br>• Saol Poiblí Íosa<br>• Páis agus Bás Íosa<br>• Aiséirí agus Deascabháil Íosa<br>• An Chincís. |
| Liotúirge & Urnaí | Urnaí:<br>• Urnaí fhoirmeálta<br>• Paidreacha breise.<br>An Liotúirge.<br>An Bhliain Liotúirgeach.<br>Na Sacraimintí.<br>An tAifreann. | Urnaí:<br>• Urnaí fhoirmeálta<br>• Paidreacha breise.<br>An Liotúirge.<br>An Bhliain Liotúirgeach.<br>Na Sacraimintí.<br>An tAifreann. |
| Moráltacht Chríostaí | Dínit an Duine.<br>Saoirse agus Freagracht an Duine.<br>Láithreacht ghrástúil agus Cúnamh Dé.<br>Teagasc Sóisialta na hEaglaise.<br>OCG i gComhthéacs Críostaí. | Dínit an Duine.<br>Saoirse agus Freagract an Duine.<br>Láithreacht ghrástúil agus Cúnamh Dé.<br>Teagasc Sóisialta na hEaglaise.<br>OCG i gcomhthéacs Críostaí. |

# Gluais

**Measúnú don fhoghlaim:** 'Ba chóir go mbeadh foghlaim na ndaltaí a chur chun cinn ar an gcéad tosaíocht de leagan amach agus cleachtas gach cineál measúnaithe. Bíonn sé éagsúil mar sin ó mheasúnú a bhíonn deartha go príomha chun freastal ar chuntasacht, nó rangú, nó chun inniúlacht a dheimhniú. Is féidir le gníomhaíocht mheasúnaithe cuidiú leis an bhfoghlaim má chuirtear faisnéis ar fáil a úsáidfear mar aiseolas, ag múinteoirí, agus ag a ndaltaí agus iad i mbun measúnaithe orthu féin agus ar a chéile, chun na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama ina mbíonn siad páirteach ann a mhodhnú. Bíonn measúnú mar sin mar 'mheasúnú múnlaitheach' nuair a bhaintear úsáid as an bhfianaise chun an obair theagaisc a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais fhoghlama'.[19]

Tagraíonn **litearthacht an Bhíobla** do chumas forbartha pháistí léirthuiscint a bheith acu ar uathúlacht an Bhíobla mar Bhriathar Dé ó Dhia féin agus go mbeidh ar a gcumas na scileanna bunúsacha a fhorbairt chun é a léamh le samhlaíocht chriticiúil agus chruthaitheach (m.sh. meafair a thuiscint, tagairt sa Bhíobla a aimsiú, struchtúr an Bhíobla a thuiscint). Is í an Eaglais mar phobal ina bhfuil Traidisiún beo a sholáthraíonn an comhthéacs chun ciall teagaisc agus morálta a bhaint as an Scrioptúr Naofa.

Déanann **Caiticéis** cur síos ar an bpróiseas oideachais ina ndéantar Dea-Scéal an tsoiscéil a fhógairt agus ina dtugtar creideamh na hEaglaise ar láimh do chreidmhigh i bpobal na hEaglaise. Déanann an Chaiticéis talamh slán de go dtarlaíonn iompú creidimh ar dtús agus go gcaithfear a bheith oscailte d'iompú leanúnach. Leis an taithí de bheith ag foghlaim faoi chreideamh, liotúirge, moráltacht agus urnaí, 'ullmhaíonn an chaiticéis an Críostaí chun maireachtáil i bpobal agus a bheith rannpháirteach go gníomhach i saol agus i misean na hEaglaise' (GDC 86).

**Spioradáltacht an Chríostaí:** 'Séard atá i gceist leis an téarma spioradáltacht i ndáiríre modh nó cineál saoil a chloíonn le héilimh Chríostaí. Is ionann spioradáltacht agus 'beatha i gCríost' agus 'sa Spiorad', a ghlactar leis trí chreideamh, a chuirtear in iúl trí ghrá agus a spreagann an dóchas, agus ar an tslí sin a chruthaíonn an saol laethúil de phobal na hEaglaise. Ciallaíonn sé sin mar sin, le spioradáltacht, arb ionann sin agus sprioc an iompaithe, 'séard a bhíonn i gceist againn 'ní mar chuid den bheatha, ach an bheatha in iomlán faoi threoir an Spioraid Naoimh'. I measc na ngnéithe éagsúla den spioradáltacht a bhíonn ar gach Críostaí a gcuid féin a dhéanamh dó, tá an urnaí ar an ní is tábhachtaí ar fad. Treoraíonn urnaí Críostaithe 'de réir a chéile chun go nglacfaidh siad dearcadh rinnfheifeach den saol mar atá, ag cur ar a gcumas Dia a aithint i ngach nóiméad agus i ngach uile ní; a bheith ag machnamh go bhfuil Dia i ngach uile duine; toil Dé a lorg i ngach ní a tharlaíonn' … Cothaítear spioradáltacht an Chríostaí thar aon ní eile trí shaol sacraiminteach síoraí, os rud é gur ionann na Sacraimintí agus an fréamh agus foinse gan teorainn ghrásta Dé agus teastaíonn siad ó chreidmhigh chun iad a chothú ar a n-oilithreacht dhomhanda … Ba chóir a thabhairt ar aird freisin nach bhfuil an spioradáltacht sin ag cuir in éadan freagrachtaí sóisialta bheatha an Chríostaí. Is é a mhalairt ar fad é, trí chloí le bealach na hurnaí, beidh creidmhigh níos coinsiasaí d'éilimh na Soiscéal agus dá gcuid dualgas i dtreo dhaoine eile.' (Eoin Pól II, *Post-Synodal Apostolic Exhortation Ecclesia in America,* 22 Eanáir 1999, 29)

---

[19] Black et al., *Assessment for Learning: Putting it into Practice* (2002), lch. 1.

# Gluais

Is ionann **Urnaí Rinnfheifeach** agus urnaí ina mbíonn ar an duine a bheith ina dtost idir intinn agus colainn chun go mbeidh siad oscailte do chumarsáid Dé sa chiúnas agus i ndoimhne a gcroí féin. Cuireann tíolacadh na hurnaí rinnfheifeach ar chumas an duine féachaint agus freagairt do chuspóirí Dé ar domhan.

Déanann **Iompú** cur síos ar oscailteacht an duine daonna do ghrá Dé. Is ionann é agus 'iompú timpeall' nó 'treo a athrú'. Táthar ag iompú ón bpeaca agus ón leithleachas agus ag athrú mianta an duine, próisis smaointeoireachta agus gníomhartha i dtreo Dé. Is ionann iompú ar dtús agus obair ghrásta Dé (ChEC 1427-39).

Is ionann **Curaclam** agus cur síos ar aon chlár staidéir nó oiliúna. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir curaclam mar ábhar (an t-ábhar a chaithfear staidéar a dhéanamh air) agus curaclam mar phróiseas (gníomhaíochtaí oideachais a bhfuil luach intreach acu, beag beann ar aon toradh nó táirge infheicthe). Sa churaclam seo, déantar cur síos ar ábhar mar 'eolas agus coincheapa' agus déantar cur síos ar phróisis mar 'scileanna'. Tá na 'scileanna' bunaithe ar theoric iomlánaíoch de bheith eolach a ghlacann leis go bhfuil gnéithe cognaíocha, mothachtálach agus iompair san áireamh leis an bpróiseas 'eolas a chur' ar an gcreideamh Críostaí. Is ionann an **Curaclam Bíseach** agus curaclam atá struchtúrtha ar leibhéil i ndiaidh a chéile ina dtagtar ar ais arís agus arís eile go dtí coincheapa agus scileanna ag gach leibhéal chun go bhforbróidh foghlaim na bpáistí ó thaobh castachta agus saibhris.

Tagraíonn **Teagasc** don méid a chreideann an Eaglais, don mhéid a mhúintear agus a admhaítear. Is ionann teagasc na hEaglaise agus na gnéithe sin de theagasc Críostaí a bhaineann ciall go dílis as braithair agus as gníomhartha Chríost (m.sh. teagasc Dé, Chríost, an Spioraid Naoimh agus an tSlánaithe). Cuireann teagasc na hEaglaise Foilsiú ó Dhia in iúl go hiomlán.

Tagraíonn **Éacúiméineachas** don idirphlé idir Críostaithe, agus é mar aidhm leis aontacht a athbhunú i gCríost, in aon Eaglais infheicthe amháin.

**Grásta:** 'Is ionann Grásta agus *fabhar*, cúnamh *saor agus neamhthuillte* a thugann Dia dúinn chun freagairt dá ghlaoch a bheith mar chlann Dé, mic uchtála, rannpháirtithe den nádúr diagachta agus den bheatha shíoraí. Is ionann Grásta agus *páirt a ghlacadh i saol Dé.* Is ionann grásta Chríost agus an tíolacadh in aisce a thugann Dia dúinn dá bheatha féin, é sin nasctha leis an Spiorad Naomh inár n-anam chun an t-anam a leigheas ón bpeaca agus chun an t-anam a naomhú. Is ionann é agus an grásta *naomhaithe nó diagaithe* a fhaightear sa Bhaiste. Is ionann é agus foinse obair an naomhaithe' (ChEC 1996, 1997, 1999, 2020–24).

**Iomlánaíoch:** Freastalaíonn cur chuige iomlánaíoch maidir leis an oideachas ar an duine in iomlán agus dá chumas/cumas forbairt go hiomlán mar dhuine. Áirítear le tuiscint iomlánaíoch ar an duine, a forbairt/fhorbairt fisiciúil, intleachtúil, mothachtálach, aeistéitice, spioradálta, morálta agus forbartha reiligiúnach. Le chur chuige iomlánaíoch maidir le hOideachas Reiligiúnach tugtar aird ar ghnéithe cognaíoch, mothachtálach agus iompair an chreidimh reiligiúnaigh.

# Gluais

Tagraíonn **Idirphlé idir-reiligiúnach** don idirphlé idir reiligiúin éagsúla an domhain. Is ionann an aidhm atá leis go mbeadh fás ar mheas agus ar thuiscint d'fhonn síocháin agus fás Ríocht Dé. Shainmhínigh Naomh Eoin Pól II idirphlé den sórt sin mar shlí mhaireachtála i gcaidreamh dearfach le daoine eile.

'Séard atá i gceist le **hOideachas Idir-Reiligiúach** ná ag foghlaim faoi chreidimh reiligiúnacha eile agus uathu, agus ag fáil níos mó tuisceana ag an am céanna ar chreideamh reiligiúnach an duine féin. Is é an sprioc atá ag foghlaim mar sin tuiscint níos fearr a fháil ar an duine féin agus ar dhaoine eile agus a chumasóidh forbairt ar chéannacht reiligiúnach Críostaí atá fréamhaithe agus oiriúnaitheach agus atá in ann maireachtáil go folláin leis an iliomad reiligiúin ar domhan. Tugann Oideachas Idir-Reiligiúnach cuireadh do pháistí óga cur lena dtuiscint agus lena n-eolas ar an éagsúlacht, meas a bheith acu ar chreidimh reiligiúnacha agus/nó na creidimh atá ag daoine eile, dearcadh dearfach a fhorbairt i dtreo dhaoine a bhfuil creidimh eile acu, a bheith in ann labhairt go measúil le daoine eile, agus cur lena dtuiscint ar a n-eispéireas reiligiúin féin, a dtiomantas agus creidimh i bhfianaise eispéiris, tiomantais agus chreidimh dhaoine eile.

**Ríocht Dé**: Bhí teacht Ríocht (Réim) Dé ar an bpríomhfhocás a bhí ag misean agus seanmóireacht Íosa. Is ionann é agus an siombal diagachta lárnach chun tuiscint a fháil ar a mhinistreacht. Tugann Ríocht Dé mar shiombal le fios go bhfuil cumhacht slánaithe ag Dia sa stair. Mar mheafar, is léiriú é ar ghealltanas Dé don síocháin agus don cheartas, don ghrá agus don saoirse, lán na beatha do chách. Chomhlánaigh bás slánaithe Íosa agus Aiséirí Íosa teacht na Ríochta. Is ionann an Eaglais agus an tús agus sliocht na Ríochta ar talamh, agus is ionann comhlíonadh deireanach na Ríochta agus Ateacht Íosa ag críoch na n-aoiseanna.

**Oideachas Reiligiúnach:** 'Is ionann oideachas reiligiúnach agus próiseas a chuidíonn le forbairt creidimh pháistí, dhaoine óga agus dhaoine fásta. Cuidíonn oideachas reiligiúnach le daoine bealaí smaointeoireachta, mothúcháin agus gníomhartha reiligiúnacha a fhorbairt a thugann léargas ar ghnéithe spioradálta, morálta agus tarchéimnitheach na beatha, agus as a leanfaidh aistriú pearsanta agus sóisialta. Is féidir le hoideachas reiligiúnach múineadh do dhaoine freisin chun smaoineamh go domhain, ag ligint dóibh roghanna saor agus comhleanúnacha a dhéanamh maidir leis an tslí a mhaireann siad go reiligiúnda agus a ngealltanas eile' (*Share the Good News*, 38).

Is ionann **Traidisiún** agus seachadadh beo theachtaireacht an tsoiscéil san Eaglais (ChEC 81).

# Giorrúcháin

**Cáipéisí Eaglasta**
AG: *Ad Gentes*. Forógra ar ghníomhaíocht mhisinéireachta na hEaglaise
*Dearcadh na hEaglaise maidir le lucht leanúna Reiligiúin eile*
ChEC: *Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí*
CD: *Christus Dominus.* Forógra ar Oifig Thréadach na nEaspag san Eaglais
CSDC: *Compendium of the Social Doctrine of the Church*
CPMS: *Consecrated Persons and their Mission in Schools*
CS: *The Catholic School*
CSTTM: *The Catholic School on the Threshold of the Third Millennium*
CT: *Catechesi Tradendae.* An chaiticéis sa lá atá inniu ann
DCM: *Directory for Masses with Children*
DeV: *Dominum et Vivificantem*. An Spiorad Naomh i saol na hEaglaise agus i saol an Domhain
DH: *Dignitatis Humanae*. Dearbhú maidir le Saoirse Creidimh
DP: *Dialogue and Proclamation*
DM: *Dives in Misericordia.* Trócaire Dé
DS: *Enchiridion Symbolorum*
DV: *Dei Verbum*. An Bunreacht Dogmatach maidir le Foilsiú ó Dhia
EG: *Evangelii Gaudium.* Aitheasc Aspalda ar Fhorógra an tSoiscéil sa lá atá inniu ann
EGHL: *Educational Guidance in Human Love*.
EIDCS: *Educating to Intercultural Dialogue in Catholic Schools*
EN: *Evangelii Nuntiandi.* Soiscéalaíocht sa domhan nua-aimseartha
FC: *Familiaris Consortio*
FD: *Fidei Depositum*. Bunreacht Aspalda maidir le foilsiú *Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí*
GCD: *General Catechetical Directory,* An Chuallacht don Chléir, 1971
GDC: *General Directory for Catechesis,* An Chuallacht don Chléir, 1997
GIRM: *General Instruction of the Roman Missal*
GS: *Gaudium et Spes*: An Bunreacht Tréadach maidir leis an Eaglais sa domhan nua-aimseartha
HS: *The Truth and Meaning of Human Sexuality*
LCS: *Lay Catholics in Schools: Witnesses to Faith*
LF: *Lumen Fidei.* Imlitir an Phápa Proinsias faoi Chreideamh
LG: *Lumen Gentium*: An Bunreacht Dogmatach faoin Eaglais
MC: *Marialis Cultus*. Maidir le hordú ceart agus forbairt deabhóide don Mhaighdean Bheannaithe Mhuire
MD: *Mulieris Dignitatem*. Maidir le dínit agus gairm bheatha na mban
MF: *Mysterium Fidei.* Imlitir Pápa Pól VI faoin Eocairist Naofa
NA: *Nostra Aetate*. Forógra faoi bhaint na hEaglaise le Reiligiúin neamh-Chríostaí
PO: *Presbyterorum ordinis*: Forógra maidir le ministreacht agus saol sagart
PT: *Pacem in Terris.* Imlitir Pápa Eoin XXIII maidir le síocháin uilíoch a bhunú i bhfírinne, ceartas, carthanas agus saoirse
RDECS: *The Religious Dimension of Education in the Catholic School*
RH: *Redemptor Hominis*
Rmat: *Redemptoris Mater*
RM: *Redemptoris Missio*
RP: *Reconciliatio et paenitentia.* Athmhuintearas agus Aithrí
SC: *Sacrosanctum Concilium.* An Bhunreacht maidir leis an Liotúirge Naofa
SRS: *Sollicitudo Rei Socialis*

# Giorrúcháin

UR: *Unitatis Redintegratio.* Forógra ar Éacúiméineachas
VS: *Veritatis Splendour.* Breáthacht an Fhírinne

**Cáipéísí Eaglasta na hÉireann**

CE: *The Cry of the Earth: A Pastoral Reflection on Climate Change*, Comhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann
CPS: *Catholic Primary Schools: A Policy for Provision into the Future,* Comhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann
PM: *Proclaiming the Mission: The Distinctive Philosophy and Values of Catholic Education,* Easpaig Chaitliceacha Thuaisceart Éireann
SGN: *Share the Good News: National Directory for Catechesis in Ireland*, Comhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann
LFL: *Love is for Life,* Tréadlitir ó Chomhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann
V08: *Vision 08: A Vision for Catholic Eucation in Ireland,* Comhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann

**Cáipéisí Oideachais**

Ais: *Aistear: Creat-Churaclam na Luath-Óige* (Baile Átha Cliath: CNCM, 2009). CSRE: *Siollabas i gComhar do Thuaisceart Éireann* (1996).
PSC: *Curaclam na Bunscoile,* An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999).